Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6659/26**

**MI 175**
**COMPET 231**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 86 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le cur chun feidhme Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 86 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 86 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.2.2026
COM(2026) 86 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir le cur chun feidhme Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla**

{SWD(2026) 64 final}

CLÁR NA nÁBHAR

1. Comhthéacs an bheartais: soghluaisteacht lucht saothair agus scileanna i gcomhthéacs ganntanas ..... 4

2. Cuireann an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint tacaíocht ríthábhachtach ar fáil don tsoghluaisteacht sa Mhargadh Aonair ..... 7

3. Eispéireas foriomlán an úsáideora ..... 11

3.1. Infhaighteacht faisnéise agus malartú faisnéise ..... 11

3.2. Córais aitheantais ..... 13

3.2.1. An córas ginearálta aitheantais ..... 13

3.2.2. Aitheantas uathoibríoch bunaithe ar thaithí ghairmiúil ..... 15

3.2.3. Aitheantas uathoibríoch bunaithe ar íoscheanglais oiliúna ..... 16

4. Is fíor-riachtanais iad iontaoibh fhrithpháirteach agus comhar riaracháin d'fheidhmiú an chreata rialála ..... 19

4.1. Fógraí ..... 20

4.2. An sásra foláirimh ..... 21

4.3. Nuashonruithe ar an gcóras aitheantais uathoibríoch a bhunaítear ar íoscheanglais oiliúna ..... 22

5. Digitiú ..... 24

6. Conclúidí ..... 26

**Braitheann feidhmiú éifeachtach an mhargaidh aonair ar shaoirse gairmithe cáilithe ar fud na n-earnálacha agus na leibhéal inniúlachta uile chun gluaiseacht agus oibriú cibé áit a bhfuil gá lena gcuid scileanna.** Braitheann iomaíochas na hEorpa ar neart agus ar iomláine an mhargaidh aonair, arb é príomhinneall eacnamaíoch an Aontais i gcónaí é. Mar sin féin, ní féidir le margadh fíor-chomhtháite feidhmiú go héifeachtach gan soghluaisteacht daoine agus saorchúrsaíocht scileanna a chumasú. Sin é an fáth, i gcomhthéacs a Treoirlínte Polaitiúla, gur fhógair an tUachtarán von der Leyen go gcuirfidh an Coimisiún tionscnamh um inaistritheacht scileanna ar aghaidh chun a áirithiú go n-aithneofar scil a fuarthas i dtír amháin i dtír eile. Leagtar béim freisin i straitéis 2025 maidir leis an margadh aonair ar a thábhachtaí atá an tsoghluaisteacht ghairmiúil agus sainaithnítear inti go bhfuil aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla ar cheann de na baic is mó ar shaorghluaiseacht seirbhísí agus oibrithe ar fud an Aontais. Is fíor-riachtanas do ghairmithe an tsoghluaisteacht agus bheith in ann aitheantas a fháil dá gcáilíochtaí thar theorainneacha chun go mbeidh rath orthu, chun go mbeidh rochtain ag gnólachtaí ar an tallann a theastaíonn uathu, chun go leathfaidh an nuálaíocht, agus chun go méadóidh an táirgiúlacht.

**Ní gá d'údaráis inniúla Ballstáit aitheantas foirmiúil a thabhairt do cháilíochtaí ach amháin i gcás gairm a rialaítear[1] an rochtain uirthi sa tír sin.** Is inniúlacht de chuid na mBallstát í rialáil gairmeacha i gcónaí i gcomhréir le teorainneacha dhlí an Aontais, lena n-áirítear prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta. Faoi láthair, tá os cionn 5 700 gairm rialaithe i mBallstáit an Aontais[2], agus tá éagsúlachtaí móra eatarthu. De réir na meastachán is déanaí atá ar fáil, is ag obair i ngairm rialaithe atá thart ar 22 % díobh siúd atá fostaithe san Aontas[3]. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag rialáil chomhréireach a bhfuil údar léi maidir le cuspóirí beartais phoiblí a chosaint, tomhaltóirí a chosaint agus sábháilteacht an phobail a áirithiú, agus maidir le cosaint tomhaltóirí, na slándála poiblí agus cosaint na sláinte agus an chomhshaoil. Mar sin féin, is féidir le ceanglais éagsúla maidir le rochtain ar ghairmeacha rialaithe ar fud an Aontais teorainn a chur leis an tsoghluaisteacht ghairmiúil thar theorainneacha.

**Tá ról cinntitheach i gcónaí ag an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla[4] maidir leis an tsoghluaisteacht sin a bhaint amach, d'oibrithe agus do dhaoine**

---

[1] De réir bhrí Airteagal 3(1)(a) de Threoir 2005/36/CE, arna leasú.

[2] Bunachar Sonraí na nGairmeacha Rialaithe.

[3] Féach *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European, Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on reform recommendations in professional services* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le moltaí athchóirithe do sheirbhísí gairmiúla] (COM(2016) 820 final).

[4] Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla (dá ngairtear: 'an Treoir' anseo feasta) chun roinnt ionstraimí a bhí ann roimhe sin lena gcumhdaítear aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla ar fud an Aontais a chomhdhlúthú. Tar éis í a thrasuí sa dlí náisiúnta faoi Dheireadh Fómhair 2007, rinneadh roinnt leasuithe móra ar an Treoir chun í a nuachóiriú agus a chur in oiriúint do chomhthéacsanna gairmiúla agus rialaitheacha atá ag teacht chun cinn. In 2013 glacadh an t-athchóiriú is suntasaí, a cuireadh chun feidhme faoi 2016, athchóiriú lenar tugadh isteach an Cárta Eorpach Gairmiúil, sásra foláirimh, nós imeachta aitheantais cuíchóirithe agus an fhéidearthacht go mbeadh

**féinfhostaithe araon, agus cuspóirí leasa ghinearálta amhail cáilíocht seirbhíse agus sábháilteacht phoiblí a chosaint freisin.** Leagtar amach inti rialacha nós imeachta maidir le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla ar fud na mBallstát[5], lena gcuirtear ar a gcumas do ghairmithe rochtain a fháil ar ghairmeacha rialaithe agus iad a shaothrú i mBallstát eile, ar bhonn buan nó sealadach agus ócáideach. Is deimhniú é an sreabhadh seasta cinntí aitheantais de réir na rialacha a leagtar amach sa Treoir go dtacaíonn sí leis an tsoghluaisteacht ghairmiúil. Baineann go leor de na cinntí aitheantais le gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe in earnálacha fíor-riachtanacha, amhail cúram sláinte agus oideachas, ina bhfuil an-éileamh ar lucht saothair oilte. Gan an Treoir, bheadh coimpléascacht bhreise ag baint le haitheantas a fháil dá gcáilíochtaí i mBallstát eile i gcás altraí cúraim ghinearálta, dochtúirí, múinteoirí, ailtirí, leictreoirí, pluiméirí agus go leor gairmithe eile ar mian leo é sin a dhéanamh agus bheadh orthu dul i ngleic le rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta éagsúla maidir le haitheantas. Trí chreat comhchuibhithe atá ceangailteach ó thaobh dlí a sholáthar lena rialaítear na próisis aitheantais ar fud an Aontais, tugann an Treoir rochtain níos éasca ar shochair an mhargaidh aonair do ghairmeacha rialaithe agus trádálacha gairme atá riachtanach d'iomaíochas an Aontais.

**Mar sin féin, léiríonn taithí gairmithe a théann i ngleic leis an gcreat rialála atá ann cheana gur féidir an t-aitheantas a bheith ina phróiseas coimpléascach agus fadálach go minic fós.** Cé go bhfuil bunchlocha an chreata fónta go bunúsach, tá an baol ann go mbainfear an bonn dá acmhainneacht le nósanna imeachta fada, digitiú míchothrom na bpróiseas agus nósanna imeachta náisiúnta, agus ceanglais throma maidir le doiciméadacht. Is díol sásaimh do na páirtithe leasmhara a bhfuil bainte amach leis an Treoir ach iarrann siad go ndíreofar arís ar shimpliú, ar thrédhearcacht agus ar chlaochlú digiteach chun freastal ar riachtanais lucht saothair soghluaiste an lae inniu. Sa tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa in 2024 maidir le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla san Aontas Eorpach, thug an Chúirt dá haire freisin go raibh easnaimh i gcur i bhfeidhm na Treorach ag na Ballstáit, lena n-áirítear easpa nósanna imeachta leictreonacha, bearnaí agus neamhréireachtaí san fhaisnéis a bhí le soláthar don phobal, próisis chostasacha anásta agus easnaimh in úsáid an tsásra foláirimh a beartaíodh mar chabhair chun sábháilteacht othar agus tomhaltóirí a áirithiú.

**Déantar measúnú sa tuarascáil seo ar chur i bhfeidhm na Treorach**. Comhlíontar léi oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 60(2) den Treoir lena gceanglaítear ar an

---

rochtain pháirteach ag gairmithe trasteorann. Leis an athbhreithniú sin, tugadh de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéantar an córas níos solúbtha. Le gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme ina dhiaidh sin, áirithíodh nuashonruithe rialta ar an Treoir, rud a rannchuidigh le muinín a chothú sa chóras agus le saorghluaiseacht laistigh de mhargadh aonair an Aontais agus le cáilíocht seirbhíse agus sábháilteacht phoiblí a choimirciú freisin.

[5] Na rialacha faoi Threoir 2005/36/CE, arna leasú, le hoiriúnuithe an-teoranta, tá feidhm acu freisin maidir leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua tríd an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá rialacha áirithe faoi Threoir 2005/36/CE a bhfuil feidhm acu maidir leis an Eilvéis freisin tríd an gComhaontú idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le Saorghluaiseacht Daoine. Is cur chun feidhme na Treorach i mBallstáit an Aontais a chumhdaítear go sonrach sa tuarascáil seo.

gCoimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme na Treorach a fhoilsiú gach 5 bliana[6]. Is é is aidhm don tuarascáil cur chun feidhme seo, ina ndírítear ar an tréimhse 2020-2024[7], bearnaí, saincheisteanna agus dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach a shainaithint i gcomhthéacs an bheartais atá ann faoi láthair. Go sonrach, féachtar sa tuarascáil ar an gcaoi a n-éascaítear soghluaisteacht gairmithe sa mhargadh aonair leis an Treoir (Roinn 2) agus ar fheabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar eispéireas foriomlán na n-úsáideoirí faoi na córais aitheantais éagsúla (Roinn 3). Déantar anailís inti freisin ar an gcaoi a gcothaítear muinín agus comhar riaracháin idir na húdaráis ábhartha sna Ballstáit leis an gcreat dlíthiúil (Roinn 4) agus ar a mhéid a úsáidtear uirlisí digiteacha chun tacú le gnéithe nós imeachta den chreat (Roinn 5). Baintear leas sa tuarascáil as taighde deisce agus as comhairliúcháin fhorleathana le páirtithe leasmhara, lena raibh baint ag comhaltaí den ghrúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint[8] chomh maith le húdaráis inniúla, rialtóirí, comhlachais ghairmiúla, an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe sóisialta agus saoránaigh[9].

## 1. Comhthéacs an bheartais: soghluaisteacht lucht saothair agus scileanna i gcomhthéacs ganntanas

**Tar éis phaindéim COVID-19, théarnaigh margadh saothair an Aontais go tapa agus sháraigh sé a fheidhmíocht réamhphaindéime, rud a d'fhág go raibh na rátaí dífhostaíochta níos ísle ná ariamh.** Sa chéad leath de 2025 leanadh den mhoilliú de réir a chéile ar fhás na fostaíochta ar moilliú é a thosaigh in 2022, ach tá an tAontas fós ar an mbóthar ceart chun a phríomhsprioc fostaíochta, 78 %, a bhaint

---

6 Cumhdaítear an tréimhse 2018-2023 i gcás cuid de na sonraí ar na cúiseanna seo a leanas: Ar an gcéad dul síos, chun comparáid níos fearr a dhéanamh le blianta roimhe sin toisc gur tháinig laghdú ar an líon cinntí aitheantais le linn thréimhse ghalar choróinvíreas 2019. Ar an dara dul síos, níl sonraí maidir le cinntí aitheantais don bhliain 2024 ar fáil go hiomlán go fóill ós rud é go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi staitisticí den sórt sin ar bhonn bliantúil agus gur minic a dhéanann siad amhlaidh i dtreo an dara leath den bhliain dár gcionn toisc gur gá dóibh iad a bhailiú ó na húdaráis inniúla ar dtús.

7 D'fhoilsigh an Coimisiún an tuarascáil cur chun feidhme is déanaí an 11 Bealtaine 2020, mar aon le doiciméad inmheánach oibre a ghabhann léi. Cumhdaíodh tréimhse cúig bliana (2014-2019) sa tuarascáil cur chun feidhme sin agus díríodh inti ar na gnéithe nua faoi Threoir 2013/55/AE, lena n-áirítear an Cárta Gairmí Eorpach, nuachóiriú an eolais, na scileanna agus na n-inniúlachtaí le haghaidh na ngairmeacha earnála, na comhphrionsabail oiliúna agus an clár speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí le haghaidh altraí na Rómáine. Thángthas ar an gconclúid i dtuarascáil cur chun feidhme 2020 gur éascaíodh soghluaisteacht gairmithe go héifeachtach ar fud na mBallstát leis an gcreat dlíthiúil faoin Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla agus gur feabhsaíodh an cur chun feidhme mar gheall ar na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a rinne an Coimisiún. Mar sin féin, cuireadh roinnt réimsí imní in iúl sa tuarascáil freisin, lena n-áirítear ceanglais nós imeachta lenar forchuireadh ualach mór riaracháin agus airgeadais ar iarratasóirí, agus easnaimh in oibriú na bpointí náisiúnta teagmhála aonair agus an tsásra foláirimh.

8 Cruthaíodh an Grúpa Comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint le Cinneadh ón gCoimisiún an 19 Márta 2007 (2007/172/CE) chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na Treorach a chur chun cinn agus chun an fhaisnéis uile atá ábhartha dá cur i bhfeidhm a bhailiú. Tá an grúpa comhdhéanta de chomhordaitheoirí náisiúnta arna n-ainmniú ag na Ballstáit.

9 Féach an doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo chun tuilleadh sonraí a fháil faoin straitéis chomhairliúcháin agus faoi na tacair éagsúla ceisteanna a ardaíodh leis na grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla.

amach faoi 2030[10]. Tá tearcúsáid an lucht saothair leathnaithe san Aontas ag laghdú go seasta, le luaineachtaí beaga, ó 18.6 % in 2015 go dtí an leibhéal is ísle riamh, 10.9 % i R2 2025[11].

**Idir an dá linn, is dúshlán mór leanúnach fós iad ganntanais saothair agus scileanna ar fud an Aontais.** D'ainneoin laghdú óna mbuaicphointe in 2022, tá siad fós ard de réir caighdeáin stairiúla agus baineann siad d'iomaíochas an Aontais sa gheilleagar domhanda i gcónaí[12]. Déanann ganntanais difear d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) go háirithe. Braitear go géar iad i seirbhísí riaracháin agus tacaíochta go háirithe; i ngníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla; in iompar; i seirbhísí cóiríochta agus bia; san earnáil tógála; agus san earnáil faisnéise agus cumarsáide. A mhéid a bhaineann le gairmeacha, aicmíonn formhór na dtíortha na gairmeacha seo a leanas mar ghairmeacha ina bhfuil ganntanais chriticiúla: teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), cúram sláinte agus iompar (e.g. tiománaithe gairmiúla). Mar thoradh ar thosca struchtúracha, amhail an t-athrú déimeagrafach agus éilimh ar scileanna ag éirí as an aistriú digiteach agus an aistriú glas, chomh maith le drochdhálaí oibre in earnálacha áirithe, is dócha go leanfaidh na ganntanais go ceann i bhfad. De réir mar a chuirtear dlús leis an digitiú agus le glacadh na hintleachta saorga (IS), beidh tacair scileanna nua, oiriúnaithe nó feabhsaithe ag teastáil le haghaidh go leor post, rud a d'fhéadfadh na ganntanais atá ann cheana a ghéarú má tá an soláthar gairmithe a bhfuil oiliúint iomchuí orthu ag titim chun deiridh.

**Agus tá an rócháiliú fós ina gné struchtúrach leanúnach de mhargadh saothair an Aontais.** Cé go bhfuil méadú seasta ag teacht ar leibhéil oideachais threasaigh ar fud an Aontais, tá go leor gairmithe nach mbaineann an úsáid is fearr is féidir as na scileanna atá acu, go háirithe nuair a ghluaiseann siad thar theorainneacha[13]. Is léiriú é sin ar thearcúsáid scileanna agus ar neamhéifeachtúlachtaí i leithdháileadh an lucht saothair.

**I bhfianaise an mhéid sin, is straitéis chuimsitheach chomhordaithe é Aontas na Scileanna[14], a ghlac an Coimisiún i mí an Mhárta 2025, chun iomaíochas an Aontais a neartú trí chaipiteal daonna an Aontais a fhorbairt agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as agus trí thallann a mhealladh agus a choinneáil, lena n-áirítear tallann ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad.** Is é is aidhm don straitéis scileanna a fhorbairt le haghaidh poist agus saolta ardcháilíochta, lena n-áirítear trí bhunús láidir oideachais a dhíríonn ar riachtanais mhargadh an tsaothair. Tugtar le chéile inti beartais oideachais, oiliúna, fostaíochta, imirce agus thionsclaíocha chun borradh a chur faoin uas-sciliú agus faoin athsciliú ar gach leibhéal agus ar fud na n-earnálacha uile, chun foghlaim ar feadh an tsaoil a chothú agus chun dul i ngleic le ganntanais lucht saothair agus scileanna ar fud na mBallstát.

---

[10] Togra maidir le Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026.

[11] *European Economic Forecast*: [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa:]Fómhar 2025.

[12] Togra maidir le Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026.

[13] In 2024, bhí ráta rócháilíochta 30.3 % ann i gcás daoine a rugadh i mBallstát eile i gcomparáid le ráta 20.2 % i gcás na ndaoine sin a rugadh sa tír oibre. Foinse: Eurostat, Staitisticí maidir le lánpháirtiú imirceach.

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Aontas na Scileanna, COM (2025) 90 final.

Sa chomhthéacs céanna, sa chéad togra riamh ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna mar chuid den Seimeastar Eorpach, iarrtar gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun dul i ngleic le dúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'iomaíochas an Aontais. Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna den sórt sin, tá an Coimisiún ag obair freisin ar thionscnaimh shonracha chun tallann a mhealladh ón gcoigríoch, lena n-áirítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, an chéad ardán uile-Aontais arb é is aidhm dó earcaíocht idirnáisiúnta a éascú agus deiseanna a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil suim acu oibriú i ngairmeacha ar fud an Aontais ina bhfuil ganntanas oibrithe agus a bhfuil na scileanna is gá acu chun é a dhéanamh. I gcomhthéacs Straitéis AE um Beartas Víosaí, chuir an Coimisiún Moladh ón gCoimisiún i láthair freisin maidir le tallann a mhealladh ón gcoigríoch, moladh a bhí dírithe ar mhic léinn, taighdeoirí, oibrithe ardoilte, fiontraithe nuálacha agus bunaitheoirí cuideachtaí nuathionscanta.

**Tá ról lárnach ag an inaistritheacht scileanna in Aontas na Scileanna freisin.** Trína chumasú go n-aithneofar cumais agus cáilíochtaí oibrithe agus go mbeidh meas orthu thar theorainneacha, earnálacha agus córais foghlama, áirithítear leis gur féidir le daoine aonair gluaiseacht faoi shaoirse laistigh den mhargadh aonair gan luach a gcuid scileanna a bheith caillte. Tacaíonn sé sin le soghluaisteacht an lucht saothair, feabhsaíonn sé leithdháileadh scileanna agus cuidíonn sé le mímheaitseáil scileanna réigiúnacha agus earnála a mhaolú.

**Is ionstraim ríthábhachtach í an Treoir i mbosca uirlisí beartais an Aontais chun soghluaisteacht a éascú ar mhaithe le rochtain ar ghairmeacha rialáilte laistigh den mhargadh aonair.** Gníomhaíonn Treoir (AE) 2018/958 maidir le Tástáil Chomhréireachta mar gheatóir coisctheach, lena gceanglaítear ar na Ballstáit tástáil chomhréireachta a dhéanamh sula nglacfar aon rialachán gairmiúil nua agus sula leasófar na rialacháin ghairmiúla atá ann cheana chun a áirithiú go bhfuil siad neamh-idirdhealaitheach, riachtanach agus comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú. Leis an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla, dá réir sin, soláthraítear creat rialála cuimsitheach lena rialaítear aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla ar fud na mBallstát aon uair a cheanglaítear cáilíochtaí sonracha le dlí chun gníomhaíochtaí gairmiúla a chleachtadh. Go sonrach, bunaítear leis an Treoir aitheantas uathoibríoch do ghairmeacha earnála áirithe lena mbaineann íoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna agus, i gcás cineálacha áirithe gníomhaíochta eacnamaíche sa trádáil agus sa tráchtáil, a bhunaítear ar thaithí ghairmiúil, chomh maith le rialacha soiléire maidir le measúnú ar cháilíochtaí gairmiúla a fuarthas i dtíortha eile de chuid an Aontais chun rochtain a fháil ar aon ghairm rialaithe agus aitheantas frithpháirteach do na cáilíochtaí gairmiúla sin. Forchuirtear spriocdhátaí nós imeachta leis an Treoir freisin agus cuirtear comhar chun cinn idir pointí teagmhála náisiúnta agus údaráis inniúla sna Ballstáit. Is é is aidhm do na sásraí sin i dteannta a chéile, aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla a áirithiú a bheidh cothrom, comhsheasmhach agus tráthúil ar fud an Aontais.

**Chun go mbeidh oibrithe agus gnólachtaí in ann leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na soghluaisteachta gairmiúla sa mhargadh aonair, fógraíodh tionscnamh um inaistritheacht scileanna sa Teachtaireacht ón gCoimisiún**

**maidir le hAontas na Scileanna.** Beidh sé sin ina chuid de phacáiste níos leithne maidir le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a bheidh le glacadh in 2026, arb é is aidhm dó éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú an chirt chun saorghluaiseachta a bhaineann le hoibrithe agus le seirbhísí. Áireofar sa phacáiste sin freisin tograí le haghaidh pas Eorpach slándála sóisialta, sainordú níos láidre don Údarás Eorpach Saothair agus bearta lena ndíreofar chun aghaidh a thabhairt ar na rialacha agus na cleachtais maidir le soghluaisteacht an lucht saothair a nuachóiriú agus a shimpliú tuilleadh agus a chur chun feidhme níos fearr, rud a mhol páirtithe leasmhara a bhí rannpháirteach san idirphlé maidir le cur chun feidhme leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Mînzatu le déanaí freisin i dtaca le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair. Rannchuidíonn an tuarascáil seo ar chur chun feidhme na Treorach le heolas a dhéanamh don tionscnamh um inaistritheacht scileanna trí mheasúnú a dhéanamh ar fheidhmiú foriomlán an chreata rialála is infheidhme maidir le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla i gcomhthéacs gairmeacha rialaithe agus trí phríomhbhearnaí cur chun feidhme agus réimsí a bhféadfaí feabhsú breise a dhéanamh orthu a shainaithint.

## 2. Cuireann an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint tacaíocht ríthábhachtach ar fáil don tsoghluaisteacht sa Mhargadh Aonair

**Is colún fíor-riachtanach í an Treoir maidir le feidhmiú an mhargaidh aonair.** Soláthraíonn sí nósanna imeachta do ghairmithe a bhain a gcáilíochtaí gairmiúla amach i mBallstát, lena n-áirithítear go bhféadfaidh siad aitheantas dá gcáilíochtaí a fháil i mBallstát eile agus, ar an gcaoi sin, rochtain ar an ngairm rialaithe chéanna i mBallstát eile agus go bhféadfaidh siad í a shaothrú faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh.

**Tríd is tríd, déantar foráil sa Treoir do thrí phríomhchóras aitheantais** Chomh maith le haitheantas uathoibríoch do ghairmeacha earnála bunaithe ar íoscheanglais oiliúna, tá aitheantas uathoibríoch bunaithe ar thaithí ghairmiúil ann i gcás gairmeacha áirithe in earnálacha na ceardaíochta, na tráchtála agus an tionscail agus tá an córas ginearálta aitheantais, mar a thugtar air, ann i gcás na ngairmeacha rialaithe eile uile cé is moite d'eisceachtaí teoranta. Tá difríochtaí idir na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le gach ceann de na trí chóras sin.

**Léiríonn an fhianaise go n-éascaíonn an Treoir soghluaisteacht gairmithe, chun seirbhísí a bhunú agus a sholáthar go sealadach agus go hócáideach[15].** Tá príomhghnéithe na Treorach fós ábhartha sa timpeallacht shocheacnamaíoch atá ann faoi láthair, rud a dheimhnigh na páirtithe leasmhara. Idir 2020 agus 2024, d'ainneoin

[15] Cuimsíonn saorghluaiseacht seirbhísí dhá shaoirse bhunúsacha a chumhdaítear i bhforálacha CFAE (Airteagail 49 agus 56). Tagraíonn bunaíocht do ghairmí atá ag bogadh go Ballstát eile chun cleachtadh ar bhonn buan nó cobhsaí, rud a éilíonn aitheantas foirmiúil ar a cháilíochtaí ón tír óstach chun gur féidir leis an ngairmí cleachtadh faoin teideal gairmiúil sa tír óstach. Os a choinne sin, tá feidhm ag soláthar seirbhíse ar bhonn sealadach nuair a sholáthraíonn gairmí atá bunaithe cheana féin ina thír bhaile seirbhísí sealadacha i stát eile ar bhonn ócáideach nó faoi cheangal ama faoina theideal gairmiúil ina thír bhaile. I gcás soláthar sealadach seirbhíse, ní gá don ghairmí ach réamhdhearbhú bliantúil a chur isteach agus ní gá dó iarratas a dhéanamh ar réamhaitheantas dá cháilíocht ghairmiúil ach amháin i gcás gairmeacha a bhfuil impleachtaí sláinte agus sábháilteachta poiblí acu.

na srianta soghluaisteachta a forchuireadh mar gheall ar phaindéim COVID-19, rinne Ballstáit an Aontais thart ar 185 000 cinneadh maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla chun críche bunaíochta[16]. Cinntí dearfacha ab ea níos mó ná 83 % díobh sin[17] agus bhain níos mó ná 140 000 díobh le gairmeacha in earnálacha fíor-riachtanacha amhail oideachas agus sláinte. Le linn na tréimhse céanna, bhí thart ar 40 000 gairmí a chuir dearbhuithe isteach chun seirbhísí a sholáthar ar bhonn sealadach agus ócáideach i mBallstát eile den Aontas. Ní raibh ach tuairim is 5 % de na cásanna sin inar diúltaíodh cead do sholáthraithe na seirbhísí a sholáthar, ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta.



Foinse: Bunachar na nGairmeacha Rialáilte

16 Ba é 230 000 an figiúr don tréimhse 2016-2019. I mBunachar na nGairmeacha Rialáilte tugtar miondealuithe staitistice níos mionsonraithe de réir tíre, tréimhse, córas aitheantais agus ainmneacha cineálacha gairmeacha. Is féidir é a rochtain leis an nasc seo a leanas.: Bunachar na nGairmeacha Rialáilte

17 Ríomhtar cinntí dearfacha mar chéatadán de shuim na gcinntí dearfacha, na gcinntí diúltacha, na gcinntí lena bhforchuirtear tréimhse oiriúnúcháin agus na gcinntí faoi achomharc.




**Tá na gairmeacha a thairbhíonn d'aitheantas uathoibríoch — bídís bunaithe ar íoscheanglais oiliúna nó ar thaithí ghairmiúil — ar na gairmeacha sin a dtuairiscítear géarghanntanais i ndáil leo.** De réir na tuarascála is déanaí ó na seirbhísí Eorpacha fostaíochta (EURES) maidir le ganntanais lucht saothair agus barrachais lucht saothair[18,], rangaítear gairmithe altranais, liachleachtóirí ginearálta agus speisialaithe, cógaiseoirí agus fiaclóirí agus déadlianna i measc na ngairmeacha ina bhfuil an ganntanas oibrithe is forleithne de réir an lín tíortha agus leitheadúlacht ard-déine. I gcomhthéacs na Treorach, cumhdaítear altraí cúraim ghinearálta, bunoiliúint leighis agus oiliúint liachleachtóirí ginearálta chomh maith le 56 cháilíocht dochtúirí speisialaithe leis an gcóras aitheantais uathoibríoch bunaithe ar íoscheanglais oiliúna. Is amhlaidh atá maidir le buncháilíochtaí agus saincháilíochtaí fiaclóirí agus déadlianna agus cógaiseoirí. Áirítear freisin ar na gairmeacha is forleithne ina bhfuil ganntanas oibrithe san Aontas go leor de na gairmeacha tráchtála, ceardaíochta agus tionscail atá faoi réir aitheantas uathoibríoch a bhunaítear ar thaithí ghairmiúil amhail oibrithe miotail, oibrithe tógála, innealtóirí agus teicneoirí innealtóireachta. Léiríonn sé sin mar a úsáideann an creat rialacha atá ann faoi láthair an fhéidearthacht maidir le haitheantas uathoibríoch chun soghluaisteacht a chur chun cinn go baileach sna háiteanna is mó a bhfuil gá léi.

**Chuir na páirtithe leasmhara in iúl go raibh siad sásta ar an iomlán le príomhghnéithe na Treorach.** Tríd is tríd, is mór ag saoránaigh shoghluaiste agus ag gnólachtaí soghluaiste an laghdú éiginnteachta do ghairmithe atá ag iarraidh oibriú

[18] *EURES Report on labour shortages and surpluses 2024* [Tuarascáil EURES maidir le Ganntanais agus barrachais lucht saothair 2024].

i mBallstát eile agus an próiseas struchtúrtha le haghaidh aitheantais a chuirtear ar fáil trí rialacha comhchoiteanna a leagan síos. Cé go n-ardaíonn páirtithe leasmhara saincheisteanna a d'fhéadfadh, i gcásanna áirithe, cosc a chur ar acmhainneacht iomlán na Treorach a bhaint amach agus go gcuireann siad i dtábhacht an gá atá le feabhsuithe, ní cheistíonn siad a riachtanaí atá an Treoir, a ábhartha atá sí ná na sochair a ghabhann léi. Mar sin féin, iarrann siad go mbeadh níos lú bacainní ann ar shoghluaisteacht agus go mbeadh na nósanna imeachta aitheantais níos simplí, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha, rud atá go hiomlán i gcomhréir le cuspóirí na Treorach agus lena cur chun feidhme[19].

**Lean an Coimisiún den Treoir a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú in 2020-2025.** I bhfianaise a thábhachtaí atá cur i bhfeidhm aonfhoirmeach, bhí ar go leor Ballstát[20] aghaidh a thabhairt ar nósanna imeachta nua um shárú le linn na tréimhse sin mar gheall ar neamhchomhlíonadh gnéithe éagsúla den Treoir. Áiríodh leis sin baisc de 22 chás a bhain le cur chun feidhme mícheart Airteagal 7(4) de Threoir 2005/36/CE inar forchuireadh réamhsheiceálacha ar cháilíochtaí gairmiúla le haghaidh soláthar seirbhíse ócáideach agus sealadach le haghaidh gairmeacha nach dtagann faoina raon feidhme. Mar a cuireadh i dtábhacht i dTuarascáil Bhliantúil 2025 ar Dhul Chun Cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin Mînzatu, tá na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin sin lárnach chun bacainní riaracháin díréireacha a bhaint agus chun tacú go díreach le cuspóir níos leithne an Choimisiúin soghluaisteacht ghairmiúil a fheabhsú agus cur chun feidhme comhleanúnach dhlí an Aontais a áirithiú ar fud na mBallstát[21].

**Lean an Coimisiún dá ghníomhaíochtaí um shárú freisin maidir le trasuí mícheart gnéithe éagsúla den Treoir leasaithe ar cuireadh tús leo in dhá bhaisc in 2018 agus in 2019 faoi seach.** Bhain an chéad sraith de nósanna imeachta um shárú, a seoladh in 2018, le trasuí mícheart lena gcumhdaítear saincheisteanna nua a bhfuil ríthábhacht leo maidir le feidhmiú na Treorach athbhreithnithe, go háirithe an cárta gairmí Eorpach nua, an sásra foláirimh, rochtain pháirteach ar ghníomhaíocht ghairmiúil, comhréireacht na gceanglas teanga agus ionaid chúnaimh a chur ar bun. Ina theannta sin, d'ardaigh an Coimisiún saincheisteanna a bhaineann le trédhearcacht agus comhréireacht na mbaic rialála i seirbhísí gairmiúla tar éis na Moltaí Athchóirithe maidir le seirbhísí gairmiúla.[22]. Bhain an dara sraith de nósanna

19 I gCaibidil 10 den doiciméad inmheánach oibre, tugtar léargais bhreise ar thuairimí na páirtithe leasmhara éagsúla lena mbaineann an Treoir, agus cuirtear i dtábhacht go háirithe na réimsí a bhfeictear dóibh go bhféadfaí tuilleadh feabhais a chur orthu.

20 Chuir an Coimisiún Eorpach tús le 30 nós imeachta nua um shárú le linn na tréimhse sin: 22 chás in aghaidh AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EL, ES, FI, FR, HU, IE, IT, LU, LV, MT, NL, PL, RO, SE agus SI maidir le saincheisteanna a bhain le cur i bhfeidhm mícheart Airteagal 7(4) de Threoir 2005/36/CE; agus 8 gcás lena gcumhdaítear saincheisteanna éagsúla faoi Threoir 2005/36/CE: bhí dhá chás díobh in aghaidh EL agus cuireadh tús leis na 6 chás eile in aghaidh BE, CY, DE, ES, IE agus MT.

21 *2025 Annual Progress Report on Simplification, Implementation and Enforcement by Executive Vice-President Mînzatu* [Tuarascáil Bhliantúil 2025 ar Dhul Chun Cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú ón Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Mînzatu, Meán Fómhair 2025].

22 *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on reform recommendations for regulation in professional services* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an

imeachta um shárú, a seoladh in 2019, le comhlíonadh na rialacha maidir le saoirse bunaíochta, saoirse chun seirbhísí a sholáthar, gairmeacha a bhaineann sochar as aitheantas uathoibríoch bunaithe ar íoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna, doiciméadachta agus foirmiúlachtaí, aitheantas do thréimhsí oiliúna gairmiúla agus comhar riaracháin. Cé gur dhírigh an obair forfheidhmiúcháin sin ar na príomhathruithe a tugadh isteach le Treoir leasaitheach 2013/55/AE[23], tugadh aghaidh inti freisin ar chur chun feidhme foriomlán na Treorach athbhreithnithe sna creataí dlíthiúla náisiúnta.

**Maidir le saincheisteanna neamhchomhlíontachta arna n-ardú ag an gCoimisiún, a bhaineann le trasuí na Treorach i gcreataí dlíthiúla náisiúnta na mBallstát, tugadh aghaidh ar a bhformhór cheana féin.** Sa tréimhse 2020-2024, tháinig laghdú ar an líon nósanna imeachta um shárú gan réiteach ar cuireadh tús leo in 2018-2019: cuireadh clabhsúr ar thrí nós imeachta in 2020, ar cheithre nós imeachta in 2021, ar naoi nós imeachta in 2023, agus ar dhá nós imeachta eile in 2024. In 2025, bhí ocht mBallstát[24] a raibh nósanna imeachta gníomhacha fós rompu. Bhí breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mar thoradh ar dhá cheann de na cásanna um shárú[25].

## 3. Eispéireas foriomlán an úsáideora

### 3.1. Infhaighteacht faisnéise agus malartú faisnéise

**Braitheann feidhmiú an chórais le haghaidh aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla laistigh den Aontas ar fhaisnéis ábhartha a bheith inrochtana.** Tá malartú faisnéise idir na Ballstáit fíor-riachtanach chun tacú le comhar riaracháin. Tá sé ríthábhachtach freisin a áirithiú go mbeidh tuiscint shoiléir ar fhaisnéis maidir le rialú náisiúnta gairmeacha, oideachas gairmiúil agus oiliúint ghairmiúil, fianaise ar na cáilíochtaí gairmiúla a cheanglaítear chun rochtain a fháil ar an ngairm ar leith, sonraí teagmhála na n-údarás inniúil, iompar agus taithí agus go scaipfear an fhaisnéis sin go héifeachtach chun go mbeidh saoránaigh in ann sochar a bhaint as na cearta a thugtar dóibh leis an Treoir agus le creataí náisiúnta cur chun feidhme.

**Leagtar síos leis an Treoir roinnt beart chun a áirithiú go mbeidh páirtithe leasmhara ar an eolas agus gur féidir leo rochtain éasca a fháil ar fhaisnéis ábhartha a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla.** Ceann

gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le moltaí athchóirithe le haghaidh rialú i ndáil le seirbhísí gairmiúla], (COM(2016) 820 final).

[23] Le Treoir leasaitheach 2013/55/AE, tugadh isteach roinnt athruithe móra ar an Treoir, lena n-áirítear an cárta gairmí Eorpach, an sásra foláirimh, úsáid Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) agus an coincheap ar a dtugtar rochtain pháirteach.

[24] Faoi láthair, ón gcéad bhaisc cásanna, tá na nósanna imeachta fós ar siúl go foirmiúil in aghaidh BE, DE, EL, HR, agus SK (táthar ag clabhsúir ar dhá cheann díobh) agus ón dara baisc, in aghaidh BE, CZ (rialú cúirte), DE, ES, SK (rialú cúirte).

[25] Tá mionsonraí faoi fhorfheidhmiú na Treorach i dtréimhse an mheasúnaithe le fáil i gCaibidil 9 den doiciméad inmheánach oibre.

de na príomhbhearta is ea ionaid náisiúnta cúnaimh a bhunú[26], a fheidhmíonn mar phríomhphointí teagmhála do ghairmithe agus d'údaráis inniúla a bhfuil treoir agus faisnéis á lorg acu. Tacaíonn siad le hiarratasóirí trí eolas a chur ar fáil dóibh faoin bpróiseas aitheantais, trí chuidiú leo ceanglais a thuiscint, agus trí chomhairle a chur orthu maidir le cearta agus oibleagáidí faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta. Cothaíonn siad comhar idir údaráis inniúla freisin, rud a áirithíonn go ndéantar cúnamh frithpháirteach agus malartú faisnéise a chuíchóiriú.

**Léiríodh gur foinse luachmhar faisnéise don Choimisiún iad ionaid chúnaimh maidir le fadhbanna a bhíonn ag gairmithe soghluaiste go minic.** Ceann de na saincheisteanna a tuairiscíodh ar léiriú í ar a thábhachtaí atá faisnéis agus múscailt feasachta is ea an tuiscint theoranta ar infhaighteacht an chárta gairmí Eorpaigh agus ar chuspóir an chárta, a sholáthraíonn aitheantas leictreonach simplithe agus níos tapúla le haghaidh gairmeacha rialaithe áirithe[27]. Thug freagróirí ó roinnt Ballstát faoi deara gur minic nach mbíonn a fhios ag gairmithe gurb ann do DFF mar rogha atá ar fáil[28]. Tugadh le fios leis na torthaí comhairliúcháin go mbíonn coinne ag páirtithe leasmhara le cumarsáid agus treoraíocht níos leithne maidir le féidearthachtaí éagsúla le haghaidh aitheantas gairmiúil, chomh maith le tacaíocht acmhainneachta agus acmhainní le haghaidh Lárionaid Chúnaimh.

**De bhreis ar ionaid chúnaimh, leagtar béim sa Treoir ar a thábhachtaí atá faisnéis láraithe agus inrochtana ar líne.** Feidhmíonn ionaid ilfhreastail (IIF) mar thairseacha digiteacha chun faisnéis a fháil faoi nósanna imeachta riaracháin maidir le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla agus do ghníomhaíochtaí gairmiúla gaolmhara. Trí mhionsonraí éagsúla nós imeachta a chomhdhlúthú i dtairseach aonair sho-úsáidte, éascaítear idirghníomhaíochtaí níos rianúla agus níos tapúla d'iarratasóirí agus d'údaráis inniúla araon le hionaid ilfhreastail. Cinntíonn siad gur féidir le saoránaigh shoghluaiste agus údaráis inniúla rochtain a fháil ar gach foirm, treoraíocht agus ceanglas is gá gan iallach a bheith orthu nascleanúint a dhéanamh trí fhoinsí faisnéise éagsúla, agus ar an gcaoi sin cuireann siad éascaíocht agus éifeachtúlacht chun cinn.

**D'ainneoin na sásraí éagsúla sin, ní i gcónaí a bhíonn an fhaisnéis a chuirtear ar fáil don phobal chomh hiontaofa agus chomh comhsheasmhach céanna.** I dtuarascáil speisialta 2024 uaithi maidir le feidhmiú na Treorach[29], thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa faoi deara, mar shampla, go mbíonn liostaí na ngairmeacha rialaithe sna bunachair sonraí náisiúnta éagsúil uaireanta leis an bhfaisnéis a dtugann na Ballstáit fógra fúithi do Bhunachar Gairmeacha Rialáilte an Aontais, ina mbailítear faisnéis

---

[26] Leagtar síos in Airteagal 57b(1) de Threoir 2005/36/CE nach mór do gach Ballstát lárionad cúnaimh a ainmniú chun faisnéis agus cúnamh a chur ar fáil do shaoránaigh agus d'údaráis maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla.

[27] Tá feidhm ag an gcárta gairmí Eorpach faoi láthair maidir leis na gairmeacha seo a leanas: altra cúraim ghinearálta, cógaiseoir, fisiteiripeoir, treoraí sléibhe agus gníomhaire eastáit.

[28] Mar shampla, tuairiscíonn na Ballstáit nach gcuireann siad iarratasóirí ar an eolas i gcónaí faoin gcárta gairmí Eorpach mar fhéidearthacht ar chúiseanna éagsúla (féach roinn 6.1 den doiciméad inmheánach oibre).

[29] Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Tuarascáil Speisialta, Aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla san Aontas Eorpach, 2024.

maidir leis na gairmeacha rialaithe uile mar aon lena gceanglais shonracha agus a n-údaráis inniúla, i dtíortha an Aontais, i dtíortha LEE agus san Eilvéis. I suirbhéanna a rinneadh chun críche na tuarascála seo tugadh neamhréireachtaí ar aire freisin idir an fhaisnéis a chuir tíortha baile agus óstacha ar fáil. I roinnt cásanna, fuair freagróirí a bhí ag lorg faisnéise ón dá thaobh go raibh easaontacht treoraíochta ann nó go raibh sí neamhiomlán[30]. Mar réiteach ar an gceist, mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go n-áiritheodh an Coimisiún go mbeidh faisnéis iontaofa agus chomhsheasmhach ar fáil don phobal, go hidéalach trí fhoinse faisnéise aonair ar leibhéal an Aontais.

**Maidir le hábhair a rialaítear faoin dlí náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais, is iad údaráis inniúla na tíre óstaí an fhoinse údarásach faisnéise i gcónaí.** Chun scaipeadh faisnéise ar shaoránaigh a éascú, ba cheart faisnéis mhionsonraithe a sholáthar ar leibhéal an Aontais maidir le céimeanna praiticiúla na nósanna imeachta aitheantais, maidir leis na ceanglais i gcás doiciméad, na táillí agus an rogha idir tréimhse oiriúnúcháin agus triail infheidhmeachta mar bhearta cúiteacha féideartha. Ag féachaint chun cinn, is féidir le samhlacha teanga móra arna gcumhachtú ag an intleacht shaorga feabhas mór a chur ar an gcaoi a gcuardaíonn daoine faisnéis agus d'fhéadfaidís rochtain níos iomasaí agus níos éifeachtúla ar fhaisnéis rialaitheach do shaoránaigh a chur in ionad ailtireacht faisnéise thraidisiúnta suíomhanna gréasáin de réir a chéile.

### 3.2. Córais aitheantais

**Is ar an gcóras aitheantais is infheidhme a bhraitheann eispéiris shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais atá ag iarraidh aitheantais dá gcáilíochtaí i mBallstát eile i gcomhair rochtain ar ghairm rialaithe.**

#### 3.2.1. An córas ginearálta aitheantais

**Faoin gcóras ginearálta aitheantais, ní mór d'iarratasóir atá ag iarraidh é féin a bhunú i mBallstát eile roinnt doiciméad a sholáthar lena n-áirítear fianaise maidir le náisiúntacht, cáilíochtaí gairmiúla, agus taithí ábhartha, más infheidhme.** Ansin, déanann an t-údarás inniúil sa Bhallstát óstach comparáid idir cáilíochtaí an iarratasóra lena dtugtar rochtain don iarratasóir ar ghairm ar leith sa Bhallstát baile agus na ceanglais náisiúnta le haghaidh rochtain ar an ngairm chéanna sa stát óstach, ar bhonn cás ar chás. Má mheastar na cáilíochtaí a bheith coibhéiseach, deonaítear aitheantas, rud a chuireann ar chumas an iarratasóra an ghairm a chleachtadh. Má tá difríochtaí substaintiúla ann nach féidir a chúiteamh le taithí ghairmiúil agus/nó le foghlaim ar feadh an tsaoil, féadfaidh an t-údarás triail infheidhmeachta nó tréimhse oiriúnúcháin a cheangal chun an bhearna a dhúnadh. Nuair a bheidh an méid sin curtha i gcrích go rathúil, gheobhaidh an t-iarratasóir aitheantas agus féadfaidh sé an ghairm a chleachtadh go dlíthiúil sa stát óstach.

**Cé go meastar gur sprioc-amanna réalaíocha a fhorordaítear leis an Treoir agus go n-urramaítear iad go ginearálta, d'fhéadfadh roinnt tosca a bheith ina gcúis le moilleanna.** Faoi Airteagal 51(2) den Treoir, ní mór an t-iarratas ar aitheantas faoin gcóras ginearálta a scrúdú chomh tapa agus is féidir agus laistigh de cheithre mhí ar

30 Maidir leis an bpointe sin, féach go háirithe roinn 8.2 den doiciméad inmheánach oibre.

a mhéad tar éis an dáta a cuireadh comhad iomlán an iarratasóra isteach. Bunaithe ar anailís shamplach ar cheithre ghairm an-soghluaiste[31], urramaítear an sprioc-am sin go maith tríd is tríd. Mar sin féin, cuirtear fad leis an bpróiseas uaireanta de bharr iarratais neamhiomlána agus meastóireachtaí moillithe saineolaithe nó fíoruithe moillithe doiciméad ag an mBallstát ina bhfuarthas na cáilíochtaí. Ar na cúiseanna eile le moilleanna tá easpa foirne ar an leibhéal náisiúnta chun iarratais a phróiseáil agus a chasta a bhíonn iarratas áirithe, go háirithe i gcásanna ina bhfuil bearta cúiteacha á mbreithniú[32].

**Bíonn ceanglais mhóra doiciméad i gceist leis an nós imeachta agus ní i gcónaí a éascaítear é le modhanna leictreonacha agus/nó digiteacha.** [33] In Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir tugtar liosta uileghabhálach de dhoiciméid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó údaráis inniúla náisiúnta chun críche bunaíochta. Is iondúil go gceanglaíonn na Ballstáit croí-thacar doiciméad le haghaidh iarratais ar aitheantas gairmiúil: cruthúnas ar náisiúntacht, ar cháilíochtaí agus ar thaithí ghairmiúil de ghnáth. Bíonn éagsúlacht mhór idir gairmeacha agus tíortha maidir le ceanglais sa bhreis orthu sin, mar shampla fianuithe dea-charachtair, deimhnithe sláinte, nó cumhdach árachais. Ar an meán, ní mór d'iarratasóirí idir 5 agus 10 ndoiciméad a chur ar fáil, thart ar 10 go 20 leathanach ar an iomlán, cé go bhféadfadh níos mó a bheith i gceist i roinnt Ballstát. De réir a chéile, tá nósanna imeachta digiteacha á nglacadh ag na Ballstáit chun doiciméid a chur isteach, ach déantar méideanna éagsúla próiseála leictreonaí fós, agus tá roinnt tíortha ag cloí le córais pháirtdigiteacha nó pháipéarbhunaithe[34]. É sin ráite, i gcás na ngairmeacha a bhfuil feidhm ag an gcárta gairmí Eorpach maidir leo, tá nós imeachta digiteach ar fáil i ngach Ballstát.

**Braitheann castacht na nósanna imeachta aitheantais faoin gcóras ginearálta ar a chosúla atá an rialú ar ghairmeacha a dhéantar ó Bhallstát go Ballstát.** Bíonn

---

[31] Chun ionchur beacht inchomparáide a fháil ó údaráis na mBallstát, díríodh san anailís ar radagrafaithe, múinteoirí meánscoile, cúntóirí cúraim sláinte agus oibrithe sóisialta. Roghnaíodh na ceithre ghairm sin, toisc go mbaineann siad leis na gairmeacha is soghluaiste a thagann faoin gcóras ginearálta, bunaithe ar na sonraí i mBunachar na nGairmeacha Rialáilte agus bunaithe ar a bpatrúin soghluaisteachta (lena gcumhdaítear líon mór Ballstát seachas líon beag Ballstát).

[32] Féach roinn 2 den doiciméad inmheánach oibre chun tuilleadh eolais a fháil faoi fhad an nós imeachta agus na cúiseanna le moilleanna a d'fhéadfadh a bheith ann.

[33] Féach roinn 2 den doiciméad inmheánach oibre le haghaidh tuilleadh eolais faoi na cineálacha doiciméad a iarrtar faoin gcóras ginearálta aitheantais, sa bhreis ar chruthúnas náisiúntachta, cruthúnas ar cháilíocht agus fianuithe ar thaithí ghairmiúil, chomh maith leis an gcéim éagsúil ag ar féidir an nós imeachta aitheantais a chur i gcrích le modhanna leictreonacha sna Ballstáit.

[34] Seachas na gairmeacha sin a bhfuil feidhm ag nós imeachta an chárta gairmí Eorpaigh ina leith, athraíonn infhaighteacht nósanna imeachta atá go hiomlán leictreonach (cé is moite de na nósanna imeachta sin a bhfuil feidhm ag nós imeachta an chárta gairmí Eorpaigh ina leith) de réir Ballstáit agus de réir gairme. Mar shampla, i gcás ghairm an chúntóra cúraim sláinte, níl ach ceithre Bhallstát (DK, FI, PT agus RO) a thairgeann nós imeachta aitheantais atá go hiomlán leictreonach, ach i gcás oibrithe sóisialta tá an nós imeachta aitheantais iomlán trí bhíthin modhanna leictreonacha ar fáil sna Ballstáit uile cé is moite de thrí cinn. Tá éagsúlacht mhór ann freisin maidir leis an úsáid a bhaintear as na nósanna imeachta leictreonacha atá ar fáil. Mar léiriú, cé gur féidir le saoránaigh shoghluaiste an nós imeachta aitheantais iomlán a chur i gcrích trí mhodhanna leictreonacha i mbeagnach gach Ballstát le haghaidh ghairm radagrafaí, roghnaíonn iarratasóirí i mBallstáit éagsúla an nós imeachta leictreonach ar leibhéil an-éagsúil, ó 10 % in HR go dtí os cionn 95 % in IE, FI, PT, FI agus DK. Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo, soláthraítear sonraí léiritheacha breise ina leith.

sé níos éasca i gcás ina rialaíonn an Ballstát baile agus an Ballstát óstach na ceanglais rochtana ar ghairm ar bhealach comhchosúil. Má tá difríocht mhór idir na rialacháin, nó mura rialaíonn Ballstát baile an ghairm agus go rialaíonn an Ballstát óstach í, is féidir aitheantas a fháil fós, ach bíonn níos mó deacrachtaí ag iarratasóirí fianaise a bhailiú chun a gcáilíochtaí gairmiúla a chruthú.

**I gcás líon beag nósanna imeachta aitheantais faoin gcóras ginearálta is cinneadh diúltach maidir le haitheantas a bhíonn ann ag an deireadh[35].** Is cinntí iad sin nach gceadaíonn do na hiarratasóirí a rogha gairme a fheidhmiú. Tá gá le tuilleadh anailíse chun na cúiseanna is bonn leis na cinntí sin a chinneadh, go háirithe i gcásanna ina dteipeann ar na hiarratasóirí fianaise arna ceangal ag údarás aitheantais a sholáthar. D'fhéadfadh cinntí diúltacha eascairt freisin as ceanglais dhochta a chuireann teorainn leis an tsolúbthacht maidir le glacadh le doiciméadacht. I gcásanna áirithe, is féidir go gcinnfeadh iarratasóirí freisin gan leanúint dá n-iarratas nuair is nósanna imeachta fada nó anásta atá rompu. I gcásanna eile, d'fhéadfadh an cinneadh gan na doiciméid a sholáthar a bheith nasctha le cáilíochtaí foirmiúla ar ceangaltas iad a bheith in easnamh, le heaspa taithí agus/nó toisc gan taifead coiriúil glan a bheith ag an iarratasóir.

### 3.2.2. Aitheantas uathoibríoch bunaithe ar thaithí ghairmiúil

**Baineann aitheantas bunaithe ar thaithí ghairmiúil go príomha le gairmeacha ceardaíochta, trádála agus tionsclaíocha nach ann d'íoscheanglais oiliúna chomhchuibhithe ar leibhéal an Aontais ina leith.** Go sonrach, tá feidhm ag an gcóras aitheantais sin maidir leis na gníomhaíochtaí gairmiúla a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir (e.g. péintéirí, bríceadóirí, siúinéirí, bainisteoirí lónadóireachta, etc.). Faoin gcóras sin, is féidir le gairmí a fuair taithí leordhóthanach fhíoraithe i ngairm rialaithe i mBallstát amháin aitheantas a fháil dá cháilíochtaí go huathoibríoch i mBallstát eile, gan dul faoi mheasúnú breise. Ní mór don iarratasóir fianaise a sholáthar - mar shampla, deimhnithe nó fianuithe ó údaráis inniúla - lena léirítear gur shaothraigh sé an ghairm go dleathach agus go héifeachtach ar feadh tréimhse fhorordaithe (idir 2 bhliain agus 6 bliana de ghnáth, ag brath ar an ngairm, ar an stádas fostaíochta agus ar an leibhéal oiliúna). Ní mór don Bhallstát óstach ansin ceart an iarratasóra a aithint chun an ghníomhaíocht chéanna nó gníomhaíocht inchomparáide a chleachtadh. Leis an nós imeachta sin, simplítear an tsoghluaisteacht le haghaidh gairmithe a bhfuil taithí acu agus coinnítear na coimircí maidir le cáilíocht seirbhíse agus cosaint phoiblí.

**D'ainneoin na mbuntáistí a ghabhann leis, is beag úsáid a bhaintear as an dara córas aitheantais sin.** I gcomparáid leis an gcóras ginearálta, is gnách gur córas aitheantais níos tapa an dara córas aitheantais sin, a mbaineann nósanna imeachta aitheantais leis a ghlacann idir níos lú ná mí go dtí suas le trí mhí tar éis an t-iarratas a chur i gcrích. Ina theannta sin, tá de bhuntáiste leis an gcóras sin go dtagraítear do thaithí ghairmiúil infhíoraithe seachas d'oiliúint fhoirmiúil agus is beag doiciméad a bhíonn i gceist. Mar sin féin, tá úsáid an chórais míchothrom i gcónaí, ní úsáideann ach mionlach de na Ballstáit é ar bhonn rialta agus tá grúpa mór a thuairiscíonn nach

[35] Don tréimhse 2020-2024, is 7.4 % a bhí sa sciar sin.

mbaineann siad úsáid ar bith, nó úsáid an-teoranta, as[36]. Ní léir cén chúis atá leis sin agus beidh tuilleadh anailíse le déanamh air, mar gheall ar an líon teoranta freagraí suirbhé ar an topaic sin freisin. Mar shampla, bíonn dearcadh éagsúil ag páirtithe leasmhara éagsúla sa Bhallstát céanna ar sho-úsáidteacht an chórais agus ar an glacadh atá leis.  Cé go bhfuil go leor údarás inniúil agus saineolaithe náisiúnta a mheasann gur córas praiticiúil atá ann faoi láthair agus go bhfuil an measúnú ar thaithí ghairmiúil sách éasca - go háirithe nuair a thacaíonn teastais ón mBallstát baile leis - tá go leor eile a mheasann go bhfuil an nós imeachta agus na liostaí foluiteacha gníomhaíochtaí a bhaineann leis as dáta[37]. Measann na saineolaithe náisiúnta sin go bhfuil na liostaí gairmeacha in Iarscríbhinn IV agus an ainmníocht fholuiteach doiléir, agus go bhfuil sainmhínithe forluiteacha nó neamhbheachta ag gabháil leo a chuireann casadh breise sa chinneadh maidir leis na gairmeacha a cháilíonn. Thairis sin, is féidir iarratais a bheith anásta mar gheall ar bhacainní maorlathacha, easpa próiseas digiteach, agus cleachtais doiciméadachta neamhréireacha ar fud na mBallstát.

### 3.2.3. Aitheantas uathoibríoch bunaithe ar íoscheanglais oiliúna

**Is é aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla bunaithe ar íoscheanglais oiliúna an córas aitheantais is cuíchóirithe toisc nach bhfuil le déanamh ag an údarás inniúil ach barántúlacht an doiciméid a fhíorú.** Rialaítear an córas sin i dTeideal III, Caibidil III den Treoir agus tugtar an córas aitheantais 'uathoibríoch' air de ghnáth.  Tá feidhm aige maidir le gairmeacha ar nós dochtúirí leighis, altraí atá freagrach as cúram ginearálta, cleachtóirí fiaclóireachta, tréidlianna, cnáimhseacha, cógaiseoirí, agus ailtirí (dá ngairtear gairmeacha 'earnálacha').

**Le híoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna i gcás gairmeacha earnála, áirithítear bonnlíne chomhsheasmhach don oideachas agus don oiliúint ar fud an Aontais.** Leis na ceanglais sin, cothaítear muinín i measc na mBallstát agus teorannaítear neamhréireachtaí i gcaighdeáin oideachais, rud a ráthaíonn leibhéal inniúlachta infhíoraithe áirithe agus a chuireann le sábháilteacht othar agus faighteoirí seirbhíse. Sonraítear íoscheanglais shonracha oiliúna le haghaidh gach gairm ar leith sa Treoir, agus is féidir ceanglais áirithe a oiriúnú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe chun go mbeidh siad ailínithe i gcónaí leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Urramaítear léi neamhspleáchas na gcóras náisiúnta oideachais agus oiliúna, rud a chuireann ar chumas na mBallstát na híoscheanglais sin a shárú i gcomhréir lena riachtanais.

**Go ginearálta, déanann páirtithe leasmhara measúnú níos fabhraí ar fheidhmiú an chórais aitheantais a bhunaítear ar íoscheanglais oiliúna ná ar na córais aitheantais eile.** Is córas aitheantais é sin lena mbaineann táillí iarratais sách íseal

[36] Idir 2020 agus 2024, is iad na cúig Bhallstát (FR, RO, PL, PT agus DE) de chuid an Aontais is mó a rinne cinntí aitheantais bunaithe ar thaithí ghairmiúil ba chúis le breis is 72 % de na cinntí uile i gcomhthéacs an chórais sin. Thuairiscigh deich mBallstát go ndearna siad 20 cinneadh aitheantais nó níos lú bunaithe ar thaithí ghairmiúil.

[37] Mar shampla, measann 55 % de na húdaráis inniúla agus 50 % de na saineolaithe náisiúnta go bhfuil Iarscríbhinn IV in oiriúint do na riachtanais atá ag gairmithe faoi láthair. Gheofar tuilleadh sonraí i roinn 3.1 den doiciméad inmheánach oibre maidir leis an gcaoi a ndéanann páirtithe leasmhara feidhmiú Iarscríbhinn IV a mheas.

agus ceanglais doiciméadachta inbhainistithe, a chloíonn le sprioc-amanna nós imeachta, agus lena n-éascaítear an tsoghluaisteacht ghairmiúil ar bhealach éifeachtúil agus costéifeachtach. Ar na cúiseanna sin, aontaíonn na páirtithe leasmhara go ginearálta gur réiteach níos fearr é an córas aitheantais 'uathoibríoch' a bhunaítear ar íoscheanglais oiliúna ná an córas ginearálta aitheantais a mbraitheann a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht ar leibhéal comhchuibhithe na rialachán sna Ballstáit. Is mó an meas atá air freisin ná ar aitheantas a bhunaítear ar thaithí ghairmiúil, nach mbíonn a chur i bhfeidhm chomh simplí céanna, ar na cúiseanna a leagadh amach thuas, i dtuairim roinnt údarás[38].

**I bhfianaise na mbuntáistí a bhaineann leis, is léir go bhfuil leas ann aitheantas ' uathoibríoch' a leathnú chuig gairmeacha breise.** Dá leathnófaí aitheantas uathoibríoch chuig gairmeacha nach gcumhdaítear faoi láthair, shimpleofaí agus chuirfí dlús leis an bpróiseas aitheantais, rud a d'éascódh aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla agus a chuirfeadh borradh faoin tsoghluaisteacht ghairmiúil laistigh den Aontas. Is féidir é sin a dhéanamh ar roinnt bealaí. Chomh maith le leathnú a dhéanamh ar liosta na ngairmeacha a ndearnadh íoscheanglais oiliúna a chomhchuibhiú ina leith trí leasuithe reachtacha, is féidir brath freisin ar chreataí oiliúna comhchoiteanna (CTFanna) nó ar thástálacha oiliúna comhchoiteanna (CTTanna), ar féidir an dá cheann acu a ghlacadh trí ghníomhartha tarmligthe.

**Is iad na CTFanna an rogha is solúbtha.** Is é is aidhm dóibh cur ar chumas níos mó gairmithe gluaiseacht ar fud an Aontais trí aitheantas uathoibríoch a leathnú bunaithe ar thacar coiteann eolais, scileanna agus inniúlachtaí chun gairm rialáilte shonrach a shaothrú. Le creataí comhchoiteanna oiliúna ní dhéantar comhchuibhiú iomlán ar na ceanglais oiliúna agus tugann siad deis do na Ballstáit oiliúint atá i gcomhréir leis na creataí comhchoiteanna oiliúna agus le hoiliúintí eile a mbeidh na gairmeacha rialaithe mar thoradh orthu a choinneáil. De réir na Treorach, is féidir creat comhchoiteann oiliúna a bhunú le haghaidh gairmeacha lena mbaineann leibhéal mór soghluaisteachta nó a bhféadfadh gluaiseacht trasteorann bhreise a bheith i gceist leo, agus a bhfuil ailíniú leordhóthanach ann ina leith maidir le rialú gairmiúil, oideachas gairmiúil agus oiliúint ghairmiúil i líon íosta Ballstát. Go sonrach, ní mór an ghairm a bheith á rialú ag trian ar a laghad de Bhallstáit an Aontais agus ní mór an tacar coiteann eolais, scileanna agus inniúlachtaí ar a mbunófaí an creat comhchoiteann oiliúna a bheith i bhfeidhm faoi láthair ag trian díobh ar a laghad. Ní mór don chreat ailíniú le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana freisin agus leis an reachtaíocht náisiúnta agus a léiriú go bhfreastalaíonn sé go comhréireach ar leas an phobail. Ní bheadh feidhm ag an aitheantas uathoibríoch agus ag an tacar coiteann ceanglas oiliúna faoi chreat comhchoiteann oiliúna ar leith ach amháin maidir le cáilíochtaí náisiúnta a chomhlíonann a cheanglais agus idir na Ballstáit atá rannpháirteach i gcreat comhchoiteann oiliúna den sórt sin. Cé go n-éascaítear nósanna imeachta aitheantais le creataí comhchoiteanna oiliúna agus gur léirigh eagraíochtaí gairmiúla atá ag lorg infheictheachta ar leibhéal an Aontais spéis iontu, níor bunaíodh aon chreat comhchoiteann oiliúna go dtí seo toisc nach raibh na ceanglais a shonraítear sa Treoir á gcomhlíonadh go hiomlán ag na gairmeacha a

[38] Féach Caibidil 4 den doiciméad inmheánach oibre chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le taithí na n-údarás inniúil ar an gcóras aitheantais uathoibríoch agus maidir lena measúnú air.

breithníodh, mar a míníodh thuas. Ba mhinic gurbh iad na ceanglais éagsúla náisiúnta oideachais agus oiliúna maidir le rochtain ar na gníomhaíochtaí gairmiúla atá i gceist ba chúis leis sin. Bunaíodh triail chomhchoiteann oiliúna in 2019 le haghaidh gairm teagascóra sciála.

**Tá iarrachtaí á ndéanamh chun creat comhchoiteann oiliúna a bhunú le haghaidh fisiteiripeoirí.** In 2022 agus 2023, phléigh an Coimisiún creataí comhchoiteanna oiliúna leis an ngrúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint, agus sainaithníodh fisiteiripeoirí agus innealtóirí sibhialta mar ghairmeacha a bhféadfaí creat comhchoiteann oiliúna a bhunú ina leith. I mí an Mhárta 2024, cruthaíodh an foghrúpa maidir le creat comhchoiteanna oiliúna faoi scáth shainghrúpa comhordaitheoirí an Choimisiúin chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint. Faoi láthair, tá an foghrúpa comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit agus de shaineolaithe fisiteiripe arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus díríodh a chuid oibre go heisiach ar a indéanta atá sé creat comhchoiteann oiliúna a chruthú le haghaidh ghairm an fhisiteiripeora. Go háirithe, thug an foghrúpa saineolaithe cúnamh don Choimisiún oideachas, oiliúint agus rialú na gairme a mhapáil ar fud na mBallstát. Bunaithe ar réamhthorthaí obair an fhoghrúpa, tá an mhapáil á cur i gcrích ag an gCoimisiún, mapáil ar a mbeartaíonn sé Gníomh Tarmligthe a bhunú le haghaidh creat comhchoiteann oiliúna le haghaidh fisiteiripeoirí mar chuid den tionscnamh um inaistritheacht scileanna.

**Thairis sin, i gcomhar leis na Ballstáit, tá an Coimisiún ag obair chun gairmeacha breise a shainaithint a bhféadfaí creataí comhchoiteanna oiliúna a fhorbairt ina leith amach anseo.** An tráth céanna, táthar ag machnamh faoi láthair ar an gcaoi a bhféadfaí an próiseas a chuíchóiriú a thuillleadh agus a struchtúrú chun gairmeacha a n-oirfeadh creat comhchoiteann oiliúna dóibh a roghnú, a chur in ord tosaíochta agus a mheasúnú sa mheántéarma. Chuige sin, beidh gá le dlúthchomhar leis na Ballstáit, agus leis na heagraíochtaí gairmiúla lena mbaineann agus le páirtithe leasmhara eile.

**Chomh maith le haitheantas uathoibríoch a leathnú go dtí breis gairmeacha, tá deis ann cuíchóiriú a dhéanamh ar an nós imeachta aitheantais uathoibríoch féin a bhunaítear ar íoscheanglais oiliúna.** I bprionsabal, ba cheart próiseas simplí agus tapa a bheith ann lena seiceálfar a gcomhfhreagraíonn an fhianaise ar cháilíochtaí gairmiúla arna cur isteach ag iarratasóir don fhianaise is inghlactha a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir. Sa chleachtas, áfach, is minic a chaitheann údaráis inniúla am agus iarracht mhór i mbun anailíse ar na doiciméid a chuireann iarratasóirí isteach. Is léir ón bhfianaise go mbíonn éagsúlachtaí ann maidir leis an am is gá chun cinneadh a dhéanamh i mBallstáit éagsúla nó fiú ar fud institiúidí laistigh d'aon Bhallstát amháin.

**Is cosúil gurb í barántúlacht na ndoiciméad a fhíorú an phríomh-shaincheist.** Is minic teagmháil idir na húdaráis faoi seach i gceist leis sin. Cé go dtacaíonn Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI)[39] leis an bpróiseas sin, bíonn tionchar ag infhaighteacht acmhainní, struchtúr agus nósanna imeachta riaracháin, agus ag aga freagartha na n-údarás inniúil ar a rianúla agus a thapa a chuirtear an fíorú sin i gcrích.

[39] Is uirlis ar líne é Córas Faisnéis an Mhargaidh Inmheánaigh lena n-éascaítear malartú eolais idir údaráis phoiblí a bhfuil baint acu le dlí an Aontais a chur chun feidhme go praiticiúil.

Aisteach go leor, measann údaráis inniúla uaireanta gur riosca breise atá sa dul chun cinn teicneolaíochta seachas deis chun na próisis a chuíchóiriú agus a fheabhsú (e.g. d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca doiciméid a bhrionnú leis an teicneolaíocht is déanaí).

**Chun an córas aitheantais a bhunaítear ar íoscheanglais oiliúna a dhéanamh fíor-uathoibríoch, ba ghá teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail samhlacha teanga móra a úsáid chun cúraimí riaracháin a íoslaghdú.** I gcás inarb infheidhme, d'fhéadfaí acmhainní a chur ar fáil sa tslí sin le haghaidh cúraimí substainteacha a bhaineann leis an bpróiseas aitheantais. D'fhéadfaí a áireamh ar na réitigh sin dintiúir dhigiteacha agus nósanna imeachta digiteacha i gcomhréir le tionscnaimh bheartais dhigitigh níos leithne an Choimisiúin (féach Roinn 5 thíos). D'éileofaí leis sin, áfach, deimhnithe digiteacha a eisiúint ar féidir sonraí foluiteacha a sheiceáil go héasca ina leith agus/nó céimeanna nós imeachta malartacha ina ndéanann na Ballstáit bhaile doiciméid agus sonraí a fhíorú agus a dheimhniú mar chéim thosaigh le haghaidh aitheantais (amhail sa nós imeachta maidir leis an gcárta gairmí Eorpach).

**Cé go gcomhtháthaítearcheana féin, leis an Treoir, an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as uirlisí digiteacha, d'fhéadfaí na forálacha atá ann faoi láthair a oiriúnú a thuilleadh chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an digitithe.** Tar éis leasú 2013, tugadh méid áirithe solúbthachta isteach leis an gcreat dlíthiúil trí ionstraimí amhail an cárta gairmí Eorpach a cheadú agus úsáid níos mó a bhaint as córas IMI. Léiríodh leis na forálacha sin gur féidir leis an Treoir uirlisí digiteacha a chomhtháthú go rathúil i bpróisis aitheantais. Tá nósanna imeachta leictreonacha agus ardáin chomhair tar éis castacht riaracháin a laghdú agus léiríonn siad an breisluach a bhaineann le forbairtí teicneolaíochta a chomhtháthú i sásraí oibríochtúla na Treorach[40]. Mar sin féin, tá an t-aistriú i dtreo nósanna imeachta digiteacha míchothrom ar fud na mBallstát. In go leor cásanna, ceanglaíonn údaráis inniúla fós ar oibrithe taistil agus ar ghairmithe cóipeanna páipéir de dhoiciméid a chur isteach, d'ainneoin na roghanna atá ann cheana maidir le ríomhaighneachtaí, mar gheall ar fhíorú sínithe nó ábhair imní slándála eile. Ós rud é go bhfuil forbairt mhór tagtha ar theicneolaíochtaí digiteacha, tá deis shoiléir ann úsáid níos fearr a bhaint as nósanna imeachta aitheantais atá go hiomlán leictreonach agus idir-inoibritheach agus atá níos tapúla, níos comhsheasmhaí, níos sláine agus níos inrochtana do shaoránaigh agus d'údaráis inniúla araon.

## 4. Is fíor-riachtanais iad iontaoibh fhrithpháirteach agus comhar riaracháin d'fheidhmiú an chreata rialála

**Bíonn ríthábhacht le hiontaoibh fhrithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát chun feidhmiú cuí an chreata rialála a bhunaítear leis an Treoir a áirithiú.** Chun ardleibhéal muiníne a chothú, tá gá le rialacha trédhearcacha,

[40] Ceann de na buntáistí is follasaí a bhaineann le nós imeachta an chárta gairmí Eorpaigh is ea an t-aga próiseála gairid a bhaineann leis. Bunaithe ar shuirbhé ar údaráis inniúla, cuireann níos mó ná 60 % de na Ballstáit nósanna imeachta aitheantais i gcrích laistigh de thréimhse ar lú í ná mí amháin, agus tuairiscíonn an chuid eile tréimhsí ama idir mí amháin go dhá mhí. Níor thuairiscigh aon Bhallstát ré níos faide ná 2 mhí.

comhsheasmhacha agus comhréireacha lena rialaítear rialáil cáilíochtaí gairmiúla sna Ballstáit agus aitheantas dóibh. Braitheann an méid sin go mór freisin ar fhógraí tráthúla ó na Ballstáit chun trédhearcacht a áirithiú agus chun maoirseacht agus forfheidhmiú na rialacha a éascú (4.1) agus ar úsáid éifeachtach an tsásra foláirimh a cuireadh i bhfeidhm chun faisnéis chriticiúil a chomhroinnt maidir le gairmithe a d'fhéadfadh a bheith ina riosca (4.2). Ar deireadh, chun muinín a chothú sa chreat rialála, ní mór an creat a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun a áirithiú go léireofar ann na forbairtí eolaíocha agus teicniúla is déanaí (4.3).

## 4.1. Fógraí

**Cumhdaítear leis an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla roinnt ceanglas maidir le fógra á thabhairt ag na Ballstáit chun trédhearcacht agus comhordú éifeachtach an phróisis aitheantais a áirithiú.** Mar shampla, ní mór do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na gairmeacha uile a rialaíonn siad rochtain orthu, mar aon leis na ceanglais cháilíochta agus na húdaráis inniúla atá freagrach as aitheantas i mbunachar na ngairmeacha rialáilte. Faoin Treoir, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt freisin don Choimisiún faoi na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a ghlacann siad a mbeidh tionchar acu ar an bhfianaise náisiúnta ar cháilíochtaí atá faoi réir aitheantas uathoibríoch faoin Treoir, ar cáilíochtaí iad a bhunaítear ar íoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna an Aontais. Ag eascairt as sin, ba cheart fógra a thabhairt freisin faoi aon oiliúint nua a thugtar isteach as a dtiocfaidh eisiúint fianaise náisiúnta ar cháilíochtaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir chomh maith le haon athruithe ar fhianaise ar cháilíochtaí/ar bhunoiliúint/ar chomhlachtaí bronnta atá san áireamh cheana in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir. Ní mór na fógraí sin a tharchur trí IMI. Ansin, tugann an Coimisiún Iarscríbhinn V cothrom le dáta trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Ní mór do na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún freisin maidir leis an líon cinntí aitheantais aonair a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta, rud a fhágann go mbeidh trédhearcacht ann maidir leis an tsoghluaisteacht ghairmiúil idir na Ballstáit agus maidir le rátaí aitheantais in aghaidh na gairme agus in aghaidh na tíre. A bhuí leis na hoibleagáidí sin maidir le fógra a thabhairt, áirithítear trédhearcacht, maoirseacht agus comhar leis an Treoir, rud a fhágann go bhféadfaidh an fhaisnéis faoi cháilíochtaí agus rialacháin ghairmiúla a bheith comhsheasmhach, cothrom le dáta agus iontaofa i gcónaí ar fud an Aontais.

**Cé go measann 90 % de na húdaráis inniúla a ndearnadh suirbhé orthu go bhfuil an córas fógartha faoi IMI éifeachtúil, deir cuid díobh gur próiseas trom fadálach é.** Sna suirbhéanna a rinneadh chun críche na Tuarascála seo léiríodh ardleibhéal inniúlachta ar an bpróiseas fógartha i measc na n-údarás inniúil[41]. Aithníonn na húdaráis inniúla go ginearálta gur uirlis thábhachtach í don trédhearcacht, don chomhar agus do chomhsheasmhacht rialála ar fud an Aontais. Mar sin féin, deir roinnt údarás faoin bpróiseas freisin gur próiseas fadálach é a mbaineann ualach trom riaracháin leis, go háirithe nuair a bhíonn fógraí iomadúla le tabhairt mar gheall ar nuashonruithe minice nó athchóirithe casta náisiúnta. Léiríonn roinnt díobh imní faoi

[41] Deimhníonn níos mó ná 90 % de na freagróirí go bhfuil a fhios acu conas fógra a thabhairt le IMI, agus measann an céatadán céanna go bhfuil an córas fógartha éifeachtúil. Tugtar tuilleadh faisnéise faoi thuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir le fógraí a chur isteach agus a fhíorú i roinn 4.4 den doiciméad inmheánach oibre.

threoir theoranta agus léirmhínithe éagsúla ar an bhfaisnéis nach mór fógra a thabhairt ina leith, as a dtiocfadh neamhréireachtaí ó thír go tír. Leagann údaráis eile béim ar dheacrachtaí teicniúla leis an bpróiseas ríomhaighneachtaí agus ar an ngá le comhordú níos fearr idir aireachtaí náisiúnta agus comhlachtaí gairmiúla laistigh dá mBallstát féin.

### 4.2. An sásra foláirimh

**Ó bhí 2016 ann, déantar foráil sa Treoir do shásra foláirimh faoi ghairmithe a ndearna údaráis náisiúnta nó cúirteanna náisiúnta saothrú a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar chríoch Ballstáit a shrianadh nó a thoirmeasc.** Is é is príomhchuspóir dó cumarsáid mhear a chumasú idir údaráis inniúla i gcás ina ndéantar ceart gairmí chun cleachtadh a shrianadh, a fhionraí nó a aistarraingt go buan mar gheall ar smachtbhannaí araíonachta nó coiriúla - go háirithe in earnálacha a mbíonn tionchar díreach acu ar an tsábháilteacht phoiblí, amhail cúram sláinte nó oideachas mionaoiseach. Tá sé de cheangal ar na Ballstáit freisin foláirimh a sheoladh i gcás gairmithe a bhain úsáid as dioplómaí falsaithe le linn an phróisis aitheantais do cháilíochtaí. **I bhfianaise roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit, tá ról ríthábhachtach ag na Ballstáit maidir leis an gcóras sásra foláirimh a chur chun feidhme agus a oibriú ar an leibhéal náisiúnta.** Leis an Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a mhalartú maidir le haon chinneadh a dhéantar chun saothrú a ghníomhaíochta gairmiúla ag duine aonair ar leith a shrianadh nó a thoirmeasc, go sealadach, fiú. Mar sin féin, tá d’inniúlacht fós ag na Ballstáit na cúiseanna leis sin a shainiú. Mar thoradh air sin, d’fhéadfadh na cúiseanna a bheith an-éagsúil ar fud an Aontais i réimsí éagsúla. Dá bhrí sin, is iad na Ballstáit atá freagrach i gcónaí as an sásra foláirimh a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus as obair leantach a dhéanamh ar na foláirimh a fhaightear. Ní mór dá n-údaráis inniúla cásanna ábhartha a shainaithint agus ceanglaítear orthu foláirimh a eisiúint leis an gcóras IMI laistigh de na teorainneacha ama sonraithe (3 lá de ghnáth). Tá na Ballstáit freagrach freisin as a áirithiú go mbeidh na foláirimh cruinn, tráthúil agus teoranta dá bhfuil fíor-riachtanach faoi na rialacha cosanta sonraí. Nuair a fhaightear foláireamh, tá sé de dhualgas ar na húdaráis sna Ballstáit ghlactha athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis, measúnú a dhéanamh ar a hábharthacht dá ndlínse, agus bearta iomchuí a dhéanamh faoina ndlíthe náisiúnta féin. Cé go n-oibríonn an Coimisiún an uirlis TF (IMI), ní ghlacann sé aon ról mar sheoltóir, mar fhaighteoir nó mar rialaitheoir sna malartuithe faisnéise. Is é an ról atá aige faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú foriomlán an chórais, cur i bhfeidhm comhsheasmhach a áirithiú ar fud na mBallstát agus treoir theicniúil agus nós imeachta a chur ar fáil trí chreat IMI.

**Níor cheart breathnú ar an sásra foláirimh ina aonar.** Ní ghlacann sé ionad aon chláir intíre a d’fhéadfadh a bheith ag na Ballstáit chun súil a choinneáil ar ghairmithe a chuirtear ar fionraí, a thoirmisctear nó a shriantar ó shaothrú a ngníomhaíochtaí gairmiúla; comhlánaíonn sé forálacha eile atá leabaithe sa Treoir lena gcuirtear ar chumas na n-údarás náisiúnta leasanna tomhaltóirí agus othar a áirithiú trína fhíorú nach ann d’fhionraithe sealadacha nó deiridh ón ngairm a chleachtadh nó nach ann do chiontuithe coiriúla.

**Mar sin féin, ní mór aird níos mó a thabhairt ar an éagsúlacht mhór sa líon foláireamh a sheoltar sna Ballstáit.** Ar ndóigh, tá comhghaol áirithe idir na difríochtaí

sa líon foláireamh agus méid an Bhallstáit agus an líon gairmithe atá cláraithe ann. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil tosca eile ann atá ar a laghad chomh tábhachtach céanna lena n-áirítear éagsúlachtaí i gcleachtais riaracháin agus i gcreataí dlíthiúla (e.g. bearta fionraíochta a bheith ann agus a chur i bhfeidhm agus na cúiseanna leis sin) agus acmhainní a bheith ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar rialacháin ghairmiúla agus iad a fhorfheidhmiú. Leis an treocht i dtreo líon méadaitheach foláireamh ar chúiseanna riaracháin[42], cuirtear i dtábhacht an gá atá le comhchuibhiú breise ar fud an Aontais agus feabhsuithe breise ar chur chun feidhme an tsásra foláirimh chun comhsheasmhacht agus éifeachtacht a áirithiú ar fud an Aontais.

**Tá bearta á ndéanamh ag an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a d'ardaigh na Ballstáit ar saincheisteanna iad a bhaineann le cur chun feidhme an tsásra foláirimh.** Roimh 2020 seoladh roinnt nósanna imeachta um shárú lena mbaineann bunú creataí dlíthiúla de dhroim an tsásra foláirimh sna Ballstáit. Mar thoradh orthu, thug na Ballstáit isteach na bearta a raibh gá leo chun comhlíonadh na Treorach a chumasú. Thionscain an Coimisiún freisin an fhéidearthacht d'údaráis seolta idirdhealú a dhéanamh idir foláirimh a spreagtar de bharr 'cúiseanna substaintiúla maidir le cleachtadh na gairme' agus 'cúiseanna eile'. Áirítear leis an bhfoláireamh 'ar chúiseanna eile', mar shampla, cásanna ina gcuirtear gairmí ar fionraí ón ngairm a fheidhmiú as neamhchomhlíonadh ceanglas riaracháin. Cé gur mhór ag páirtithe leasmhara an beart sin, bhí soiléiriú breise á iarraidh ag cuid díobh, faoi anáil an mholta maidir leis an tsaincheist sin i dtuarascáil iniúchóireachta 2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Mar fhreagairt air sin, tá treoirdhoiciméad agus oiliúint phraiticiúil á n-ullmhú ag an gCoimisiún d'údaráis inniúla chun catagóiriú na bhfoláireamh a shoiléiriú agus chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna praiticiúla eile a bhaineann le foláirimh, ar ceisteanna iad a tharraing na Ballstáit anuas.

### 4.3. Nuashonruithe ar an gcóras aitheantais uathoibríoch a bhunaítear ar íoscheanglais oiliúna

**Tá sé ríthábhachtach íoscheanglais oiliúna na Treorach le haghaidh gairmeacha atá incháilithe i gcomhair aitheantas uathoibríoch a choinneáil cothrom le dáta chun córas aitheantais ghairmiúil dinimiciúil agus éifeachtach a chothú laistigh den Aontas.** Ó bhí 2013 ann, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún na ceanglais sin a thabhairt cothrom le dáta le gníomhartha tarmligthe chun a áirithiú go mbeidh na cáilíochtaí a thairbhíonn d'aitheantas uathoibríoch ailínithe i gcónaí le forbairtí eolaíocha agus teicniúla a nglactar go ginearálta leo ar fud an Aontais. Is próiseas ríthábhachtach é sin chun iontaoibh fhrithpháirteach a chothú i measc na mBallstát agus chun an tsláinte phoiblí, sábháilteacht othar agus cáilíocht seirbhíse a chosaint, agus chun a áirithiú freisin go mbeidh an t-aitheantas uathoibríoch ina léiriú ar na réaltachtaí gairmiúla atá ann faoi láthair seachas ar chaighdeáin atá as dáta.

**Tá an próiseas chun íoscheanglais oiliúna a thabhairt cothrom le dáta ceaptha chun féachaint ar an gcaoi a n-ionchorpraítear dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil sna creataí dlíthiúla agus curaclaim ar fud an Aontais.** Urramaítear neamhspleáchas na gcóras náisiúnta oideachais agus oiliúna leis an Treoir, agus

[42] Féach roinn 8.1 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

éagsúlacht na gcur chuige oiliúna ar fud an Aontais. Féachann sí le hathruithe ar reachtaíocht na mBallstát a léiriú agus le freastal orthu seachas an chomhréireacht a bhrú chun cinn. Déantar é sin trí na híoscheanglais oiliúna is gá le haghaidh aitheantas uathoibríoch trasteorann a leagan amach agus deis a thabhairt do na Ballstáit freisin na ceanglais sin a shárú nó a mhéadú chun críche an oideachais agus na hoiliúna a chuirtear ar fáil ar a gcríoch i comhréir lena riachtanais shonracha agus a gcomhthéacsanna oideachais. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas nuashonraithe measúnuithe teicniúla agus eolaíocha, a dtacaítear leo go minic le staidéir, comhairliúcháin le saineolaithe, agus ionchur ó pháirtithe leasmhara ar nós comhlachais ghairmiúla, institiúidí oideachais, agus saineolaithe ó na Ballstáit trí bhíthin an ghrúpa comhordaitheoirí maidir le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla.

**Is minic plé casta agus teicniúil á dhéanamh maidir le nuashonruithe ar íoscheanglais oiliúna.** Beidh cothromaíocht leanúnach le haimsiú idir soghluaisteacht a éascú tríd an gcaighdeán coiteann a leagan síos ar leibhéal is féidir a bhaint amach agus a áirithiú go bhfuil na híoscheanglais oiliúna sa Treoir ina léiriú ar na cleachtais reatha a nglactar leo go ginearálta agus an dul chun cinn teicneolaíoch ar fud na mBallstát. Ní mór cothromaíocht a aimsiú freisin idir dul chun cinn eolaíoch agus cobhsaíocht dhlíthiúil lena seachnaítear athruithe minice nó suaiteacha a dhéanann an cur chun feidhme níos casta.

**Go dtí seo, glacadh gníomhartha tarmligthe chun íoscheanglais oiliúna bunaithe ar dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh ghairm an altra cúraim ghinearálta, ghairm an chleachtóra fiaclóireachta, ghairm an chógaiseora agus ghairm an tréidlia.** Tá staidéar ar ghairm na gcnáimhseach curtha amach ar conradh ag an gCoimisiún freisin. Bunaithe ar mheasúnú an Choimisiúin ar a chonclúidí, féadfar na híoscheanglais oiliúna do chnáimhseacha a thabhairt cothrom le dáta freisin.

**Ina theannta sin, chun iontaoibh fhrithpháirteach sa chóras a chaomhnú, tá ríthábhacht le nuashonruithe rialta ar liosta na fianaise ar cháilíochtaí gairmiúla a thairbhíonn d'aitheantas uathoibríoch bunaithe ar íoscheanglais oiliúna.** Déantar nuashonruithe den sórt sin freisin trí bhíthin gníomhartha tarmligthe agus spreagtar gach athrú ar an liosta le fógra IMI ó Bhallstát. Go deimhin, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit faoin Treoir fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon athruithe ar a bhforálacha náisiúnta dlíthiúla, riaracháin agus feidhmiúcháin a bhfuil tionchar acu ar fhianaise ar cháilíochtaí a thairbhíonn d'aitheantas uathoibríoch, agus tá a gcomhar tráthúil ríthábhachtach d'fheidhmiú éifeachtúil an chórais.

**Tá tuairimí éagsúla ann maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cumhachtaí tarmligthe an Choimisiúin chun íoscheanglais oiliúna a thabhairt cothrom le dáta faoin Treoir a leathnú.** De réir roinnt páirtithe leasmhara, ba cheart an fhéidearthacht atá ann cheana an Treoir a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin gníomhartha tarmligthe a leathnú chuig níos mó gnéithe den chóras aitheantais uathoibríoch chun í a dhéanamh níos sofhreagrúla agus níos freagrúla fós do dhálaí atá ag athrú. Tugtar níos mó léargais ar an méid sin sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tugtar samplaí ann de na móreilimintí (e.g. fad na

bunoiliúna leighis) agus de na heilimintí teicniúla (e.g. ainmneacha cineálacha speisialtachtaí leighis) nach gcumhdaítear le cumhachtaí tarmligthe an Choimisiúin. Nuair a chuirtear ceist orthu faoi chumhachtaí tarmligthe an Choimisiúin a leathnú, molann páirtithe leasmhara díriú ar nuashonruithe teicniúla trí ghníomhartha tarmligthe amháin agus cobhsaíocht croí-ábhair á caomhnú san am céanna. Bhí formhór na ndaoine a ndeachthas i gcomhairle leo in aghaidh cumhachtaí tarmligthe a úsáid chun gnéithe substaintiúla (amhail ré íosta na bunoiliúna leighis) a leasú le gníomhartha tarmligthe[43].

**Ceist ar leith is ea an bhféadfaí an próiseas atá ann faoi láthair, próiseas atá bunaithe ar ghníomhartha tarmligthe, a uathoibriú.** Níl sé gan riosca cuid den phróiseas chun íoscheanglais oiliúna a thabhairt cothrom le dáta a uathoibriú. I bprionsabal, d'fhéadfaí an creat dlíthiúil a leasú ionas go bhféadfadh na húdaráis inniúla sna Ballstáit fianaise nua ar cháilíochtaí atá faoi réir aitheantas uathoibríoch, ainmneacha na n-institiúidí a eisíonn an fhianaise sin, dátaí tagartha, etc., a chur leis nó a mhodhnú go huathoibríoch, gan gá le fógraí a phróiseáil trí bhíthin IMI, comhairliúcháin le Ballstáit eile, agus cinntí tarmligthe ón gCoimisiún a ullmhú. Cé go mbeadh próiseas hipitéiseach den sórt sin níos tapúla, seachnaítear go leor rioscaí agus earráidí leis an gcóras atá ann faoi láthair. Cé go mbíonn acmhainní móra i gceist leis an mbealach atá ann faoi láthair chun an t-íoscheanglas oiliúna a thabhairt cothrom le dáta, bíonn tionchar dearfach go ginearálta ag na seiceálacha agus na rialuithe ionsuite agus ag rannpháirtíocht na mBallstát uile ar an iontaoibh fhrithpháirteach agus ar an spleáchas ar an gcóras aitheantais uathoibríoch. Dá bhrí sin, níor mhiste iarrachtaí a dhíriú ar éifeachtúlacht na bpróiseas inmheánach atá ann faoi láthair a fheabhsú seachas iad a ionadú ar fad.

## 5. Digitiú

**Leagtar béim sna torthaí sa tuarascáil seo ar roinnt dúshlán nós imeachta a dhéanann difear d'éifeachtúlacht agus do sho-úsáidteacht an aitheantais ghairmiúil.** Léirítear na torthaí sin san aiseolas ó pháirtithe leasmhara, ina dtuairiscíonn daoine aonair, gairmithe, gnólachtaí agus ionaid chúnaimh nósanna imeachta casta fada, ceanglais pháipéarbhunaithe i roinnt Ballstát agus éagothromaíochtaí móra sna próisis iarratais ar líne go comhsheasmhach.

**Ba chéim i dtreo an digitithe é an cárta gairmí Eorpach a thabhairt isteach trí nós imeachta leictreonach ar leibhéal an Aontais a chruthú chun iarratais a chur isteach[44].** Is é an príomhbhuntáiste d'iarratasóirí gur nós imeachta é lena gcuirtear

[43] Na páirtithe leasmhara atá i bhfabhar íoscheanglais oiliúna a thabhairt cothrom le dáta le gníomhartha tarmligthe, cuireann siad solúbthacht agus tráthúlacht chun cinn mar argóintí, agus iad siúd atá níos amhrasaí, leagann siad béim ar an ngá atá le cobhsaíocht na gcaighdeán agus le grinnscrúdú ag na Ballstáit. Tugtar tuilleadh faisnéise faoi thuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir le húsáid a bhaint as gníomhartha tarmligthe chun íoscheanglais oiliúna a thabhairt cothrom le dáta i roinn 4.3 den doiciméad inmheánach oibre.

[44] Tugadh an cárta gairmí Eorpach isteach ar dtús in 2016 le haghaidh cúig ghairm rialaithe shonracha agus an fhéidearthacht ann é a leathnú chuig níos mó gairmeacha amach anseo.

nós imeachta leictreonach simplithe, níos tapúla[45] agus níos trédhearcaí ar fáil chun aitheantas dá gcáilíochtaí gairmiúla a fháil i dtír eile san Aontas. De réir na gcomhairliúchán a rinneadh i gcomhthéacs na tuarascála seo, is mór ag na húdaráis inniúla go laghdaítear dúbláil riaracháin leis an nós imeachta, go bhfeabhsaítear trédhearcacht, agus go ndéantar an próiseas foriomlán níos so-úsáidte, go háirithe d'iarratasóirí a ghluaiseann thar theorainneacha arís agus arís eile. Neartaíonn sé an comhar riaracháin freisin trí IMI, rud a chothaíonn cumarsáid níos éifeachtúla idir na húdaráis agus cáilíochtaí nó stádas gairmiúil á bhfíorú acu.

**Tá teorainneacha leis an gcárta gairmí Eorpach, áfach, a d'fhéadfaí a shárú le teicneolaíochtaí digiteacha comhaimseartha.** Tuairiscíonn roinnt údarás inniúil gur féidir castacht a bheith ag baint leis an gcárta gairmí Eorpach uaireanta agus ualach trom ag baint lena oibriú, go bhfuil céimeanna nós imeachta ann nach sábháil ama iad i gcónaí i gcomparáid leis an ngnáthchóras aitheantais a bhunaítear ar íoscheanglais oiliúna nó an córas ginearálta. Cuireann saincheisteanna teicniúla agus idir-inoibritheachta (atá nasctha le leibhéil mhíchothroma digitithe ar fud na mBallstát) bac ar fheidhmiú rianúil freisin. Míbhuntáiste eile is ea feasacht íseal i measc gairmithe agus údarás araon, rud a fhágann nach mbaintear ach úsáid theoranta as in ainneoin na sochar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis. Ós rud é nach n-uathoibrítear agus nach simplítear na próisis chun barántúlacht a dheimhniú nó doiciméid a aicmiú leis an nós imeachta, tá sé sin fós ar cheann de na cúraimí is fadálaí a bhíonn le déanamh de láimh ag go leor údarás inniúil.

**Tá ról lárnach ag Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, a seoladh in 2008, i bhfeidhmiú na Treorach.** Éascaíonn sé malartú faisnéise agus fógraí ar líne idir údaráis inniúla agus an Coimisiún. Mar ardán cumasúcháin, ní ráthaíonn sé ann féin freagairtí tráthúla ós rud é go bhfuil sé fós ag brath ar ionchur riaracháin ó údaráis inniúla náisiúnta. Déantar próisis IMI a chuíchóiriú agus a chomhchuibhiú ar fud an Aontais. Cé go gceadaítear leo doiciméid dhigiteacha a chur isteach, níl próisis fíorúcháin uathoibrithe ionchorpraithe iontu go fóill, ar próisis iad a d'fhéadfadh a bheith ar fáil cheana féin i roinnt tíortha bunaithe ar fhorbairtí teicniúla a rinneadh le déanaí. Cé go bhfuil tús curtha ag go leor Ballstát le bealaí tíolactha digiteacha náisiúnta malartacha a thairiscint go comhthreomhar, léiríonn an t-aiseolas go bhfuil na próisis fós míchothrom, agus go bhfuil roinnt Ballstát fós ag brath ar dhoiciméid pháipéir agus ar phróisis mhaorlathacha.

**Chun tógáil ar an taithí a fuarthas le EPC agus IMI, d'fhéadfadh cur chuige digiteach níos aontaithe cuidiú leis na coimircí agus an mhuinín fhrithpháirteach atá mar bhonn agus mar thaca ag an Treoir a threisiú agus éifeachtúlacht, trédhearcacht agus eispéireas úsáideoirí á bhfeabhsú san am céanna.** Chuir na páirtithe leasmhara i dtábhacht nach bhfuil an tsoiléireacht ná an uaillmhian is gá sa chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an digitithe agus an tsimplithe, cé go bhfuil sé solúbtha go leor le haghaidh feabhsuithe incriminteacha, agus go n-iarrtar le roinnt aighneachtaí aitheantas níos láidre a thabhairt do dhintiúir dhigiteacha, idir-inoibritheacht níos fearr ar fud na gcóras, ardán

---

[45] I gcás an dá ghairm cárta gairmí Eorpaigh a scrúdaíodh sa doiciméad inmheánach oibre, thuairiscigh formhór na mBallstát go gcuirtear an nós imeachta i gcrích laistigh de thréimhse níos lú ná mí amháin (féach roinn 6.1).

leictreonach láraithe agus próiseáil níos tapúla. Ó thaobh an iarratasóra de, le nósanna imeachta um aitheantas digiteach atá go hiomlán leictreonach agus idir-inoibritheach d'fhéadfaí na próisis aitheantais a dhéanamh níos simplí, níos tapúla agus níos intuartha. I gcás na n-údarás inniúil, d'fhéadfadh an digitiú éifeachtúlacht, comhsheasmhacht agus iontaofacht sonraí a mhéadú. Leis na huirlisí sin, chaomhnófaí freagracht chinnteoireachta deiridh na n-údarás inniúil agus thacófaí le cruinneas agus éifeachtúlacht an tráth céanna. Mar sin féin, bheadh digitiú éifeachtach ag brath ar fhaisnéis chuimsitheach, cothrom le dáta a bheith ar fáil maidir le gairmeacha rialaithe agus ar údaráis inniúla, rud a chiallaíonn nach mór aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann le comhsheasmhacht na faisnéise a tuairiscíodh thuas in 3.1.

## 6. Conclúidí

**Tríd is tríd, feidhmíonn an creat dlíthiúil lena rialaítear aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla san Aontas go maith.** Soláthraíonn sé bunús dlí soiléir don tsoghluaisteacht, go háirithe in earnálacha ardrialaithe agus móibíleacha ar nós cúram sláinte, innealtóireacht, ailtireacht agus oideachas. Trí rialacha comhchoiteanna a leagan síos, laghdaíodh leis an Treoir an éiginnteacht do ghairmithe atá ag iarraidh oibriú i mBallstát eile agus tairgeadh próiseas struchtúrtha aitheantais d'údaráis óstacha, rud atá aitheanta go forleathan ag páirtithe leasmhara. Idir 2020 agus 2024, rinneadh thart ar 185 000 cinneadh chun críche bunaíochta. Léiríonn an líon cinntí dearfacha, a mbaineann níos mó ná 140 000 díobh le hearnálacha fíor-riachtanacha ar nós cúram sláinte agus oideachas, tacaíocht ríthábhachtach na Treorach don tsoghluaisteacht ghairmiúil sa mhargadh aonair.

**Tá sé ríthábhachtach iontaoibh sa chóras a chothú.** Is fíor-riachtanais iad forfheidhmiú dian, nuashonruithe leanúnacha chun na forbairtí eolaíocha agus oiliúna is déanaí a léiriú, oiliúint rialta, treoir, comhroinnt taithí agus comhar láidir riaracháin chun an iontaoibh sin a chothú. Is freagracht chomhpháirteach de chuid an Choimisiúin agus na n-údarás inniúil sna Ballstáit é sin. Braitheann an cothú iontaoibhe sin go mór freisin ar úsáid éifeachtach an tsásra foláirimh chun faisnéis chriticiúil a chomhroinnt faoi ghairmithe a d'fhéadfadh a bheith ina riosca do shábháilteacht othar agus mionaoiseach.

**Léiríodh go bhfuil an Treoir solúbtha agus freagrúil d'fhorbairtí nua eolaíocha agus oiliúna sna Ballstáit.** Leis na cumhachtuithe atá leabaithe sa chreat rialála, bhíothas in ann na híoscheanglais oiliúna agus na liostaí de theidil ghairmiúla a thabhairt cothrom le dáta gan gá le hathbhreithnithe reachtacha iomlána. Dá leathnófaí a n-úsáid, d'fhéadfaí nuashonruithe níos tapúla a dhéanamh. Mar sin féin, níor mhór cothromaíocht a aimsiú idir é sin agus an brú le haghaidh simpliú breise, maoirseacht reachtach, agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara chun dlisteanacht agus glacadh a chaomhnú.

**Fiú agus an creat dlíthiúil i bhfeidhm, tá bacainní fós le sárú ag an tsoghluaisteacht ghairmiúil sa mhargadh aonair.** Tá cuid díobh sin ann mar gheall ar na difríochtaí i gcreataí rialála náisiúnta agus ní féidir iad a réiteach trí ghníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais amháin. Faoi choinníollacha áirithe,

áfach, dá leathnófaí aitheantas uathoibríoch chuig gairmeacha breise trí bhíthin creataí comhchoiteanna oiliúna, d'fhéadfaí bealach inmharthana chun cinn a chur ar fáil. Tá obair ar siúl sa réimse sin faoi láthair. Ina theannta sin, tá deis ann fós feabhas a chur ar na forálacha maidir le faisnéis chomhsheasmhach iontaofa do na hiarratasóirí agus na nósanna imeachta aitheantais a shimpliú agus a chuíchóiriú le hidirghabhálacha spriocdhírithe. Léiríonn taithí na ngairmithe gur féidir leis an aitheantas a bheith ina phróiseas casta fadálach fós mar thoradh ar nósanna imeachta fada, digitiú míchothrom agus ceanglais throma doiciméadachta.

**Dá nglacfaí le hacmhainneacht an digitithe, d'fhéadfaí na próisis aitheantais a dhéanamh níos tapúla agus ní bheidís chomh hanásta céanna.** Trí uirlisí digiteacha a ghiaráil, is féidir nósanna imeachta a chuíchóiriú, an t-ualach riaracháin a laghdú, agus eispéireas rianúil a chur ar fáil d'iarratasóirí agus d'údaráis inniúla araon. Le nósanna imeachta atá go hiomlán leictreonach agus idir-inoibritheach, lena n-áirítear dintiúir dhigiteacha a úsáid atá slán agus meaisín-inléite, d'fhéadfaí cáilíochtaí a fhíorú ar an toirt agus amanna próiseála faoi na córais aitheantais éagsúla a laghdú go mór d'iarratasóirí agus d'údaráis inniúla araon. Le nuachóiriú, simpliú agus cur chun feidhme feabhsaithe den sórt sin, ní hamháin go dtabharfaí aghaidh ar neamhéifeachtúlachtaí atá ann faoi láthair ach réiteofaí an bealach freisin do chóras aitheantais ghairmiúil níos comhtháite agus níos freagrúla laistigh den Aontas. Tá ríthábhacht leis sin chun go mbeidh rath ar ghairmithe soghluaiste agus chun go mbainfidh siad tairbhe as na margaí aonair, chun go mbeidh rochtain ag gnólachtaí ar an tallann a theastaíonn uathu, chun go scaipfear an nuálaíocht, agus chun go méadófar an táirgiúlacht.